Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12380/23**

**COASI 155**
**ASIE 78**
**CFSP/PESC 1158**
**PE 98**
**ECOFIN 827**
**WTO 133**
**COHOM 180**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2023) 30 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE - Sainréigiún Riaracháin Hong Cong Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2023) 30 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2023) 30 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 18.8.2023
JOIN(2023) 30 final

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Sainréigiún Riaracháin Hong Cong**

**Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2022**

**TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**SAINRÉIGIÚN RIARACHÁIN HONG CONG**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL LE hAGHAIDH 2022**

## Achoimre


Ón tráth a aistríodh Hong Cong go dtí Daon- Phoblacht na Síne (PRC) in 1997, lean an tAontas Eorpach (AE) agus a Bhallstáit forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha i Sainréigiún Riaracháin Hong Cong (SAR) go dlúth.

I gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh do Pharlaimint na hEorpa in 1997, eisíonn an Coimisiún agus an tArdionadaí tuarascáil bhliantúil maidir leis na forbairtí i Hong Cong, agus tá béim faoi leith inti ar chur chun feidhme an phrionsabail 'aon tír amháin, dhá chóras' agus ar neamhspleáchas Hong Cong mar a luaitear sa Bhundlí.

Is é seo an 25ú tuarascáil, lena gcumhdaítear 2022. Tharla an méid seo a leanas an bhliain sin: (i) comóradh 25 bliain aistriú Hong Cong go dtí an tSín, agus cuairt an Uachtaráin Xi Jinping air; (ii) comóradh 2 bhliain fhorchur an Dlí Slándála Náisiúnta (NSL) ar Hong Cong; agus (iii) mionn oifige a thabhairt do John Lee, an chéad Phríomhfheidhmeannach a roghnaíodh i ndiaidh athruithe fairsinge ar chóras toghcháin Hong Cong a chur chun feidhme. Ba é John Lee an t-aon iarratasóir. I gcomhthráth leis sin, leanadh in 2022 leis an ídiú leanúnach ar ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong agus ar na cearta agus na saoirsí a raibh sé ceaptha iad a chosaint go dtí 2047 ar a laghad.

Cuireadh an Dlí Slándála Náisiúnta chun feidhme go forleathan an bhliain sin freisin. Lean trialacha gníomhaithe agus polaiteoirí ar son an daonlathais ag géarú. Bhí go leor daoine ag feitheamh lena dtriail, lena n-áirítear 47 ngníomhaí ar son an daonlathais a ghlac páirt i dtoghchán príomhúil, baill de Chomhghuaillíocht Hong Cong, atá díscaoilte anois, chun Tacú le Gluaiseachtaí Daonlathacha Tírghrácha na Síne, an toicí meán Jimmy Lai agus go leor eile. Tá go leor acu á gcoinneáil faoi choimeád ó bhí mhí Eanáir 2021 ann, agus tá cuid acu á gcoinneáil faoi ghaibhniú aonair. Baineadh úsáid as dlí ceannairce na ré coilíneachta arís agus arís eile i gcásanna slándála náisiúnta. I mí Iúil, d'iarr Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine ina cheathrú athbhreithniú tréimhsiúil faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla i Hong Cong go n-aisghairfí an Dlí Slándála Náisiúnta agus an dlí ceannairce araon.

Cé go bhfuil saoirse idirlín fós ag Hong Cong, chuir na húdaráis bac ar ábhar íogair ar líne, mar shampla suíomh gréasáin Hong Cong Watch, i mí Feabhra 2022. Cuirtear bagairt ar an tsaoirse idirlín le roinnt dlíthe eile, mar shampla an dlí 'frithdhocsála' agus an dlí cóipchirt.

An 28 Samhain, d'iarr an Príomhfheidhmeannach ar Bhuanchoiste na Daon-Chomhdhála Náisiúnta an Dlí Slándála Náisiúnta a léirmhíniú den chéad uair.

Mar gheall ar na forbairtí sin caitear amhras níos mó ar staid an smachta reachta i Hong Cong – bunchloch dá rath eacnamaíoch.

D'ardaigh an tAontas ábhair imní go príobháideach agus go poiblí faoi fhorbairtí i Hong Cong.

D'eisigh an tArdionadaí an dearbhú seo a leanas maidir le Hong Cong thar ceann an Aontais:

> 8 Bealtaine – Dearbhú maidir leis an toghchán don Phríomhfheidhmeannach a tionóladh an 8 Bealtaine[1].

D'eisigh an tArdionadaí an tvuít seo a leanas maidir le Hong Cong:

> 12 Bealtaine – Tvuít maidir le gabháil Denise Ho, Hui Po-kung, Margaret Ng agus an Chairdinéil Joseph Zen [2].

Cumhdaíodh an méid a leanas i ráiteas Urlabhraí an Aontais maidir le Hong Cong:

> 28 Iúil – Ráiteas maidir le cearta sibhialta agus polaitiúla[3].

Cumhdaíodh an méid a leanas i tvuíteanna Urlabhraí an Aontais maidir le Hong Cong:

> An 4 Eanáir – tvuít ar dhúnadh Citizen News[4];

---

[1] Dearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir leis an toghchán don Phríomhfheidhmeannach a tionóladh an 8 Bealtaine, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an 8 Bealtaine 2022, atá le fáil ag: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2022/05/08/hong-kong-declaration-by-the-high-representative-on-behalf-of-the-european-union-on-the-chief-executive-election-held-on-8-may/

[2] Tá Tvuít ón Ardionadaí maidir le gabháil an Chairdinéil Joseph Zen, Margaret Ng, Denise Ho agus Hui Po-keung, an 12 Bealtaine 2022, le fáil ag: https://twitter.com/josepborrellf/status/1524463674278264834?s=21&t=waWDgBNVJ77GO5_t9QmZ-g.

[3] Ráiteas ón Ardionadaí maidir le cearta sibhialta agus polaitiúla, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an 28 Iúil 2022, le fáil ag: https://www.eeas.europa.eu/eeas/hong-kong-statement-spokesperson-civil-and-political-rights_en.

16 Márta – tvuít ar Hong Cong Watch mar an chéad eagraíocht eachtrach a fuair rabhadh ó na póilíní slándála náisiúnta[5];

1 Iúil – tvuít ar chomóradh 25 bliain bhunú Shainréigiún Riaracháin Hong Cong[6].

I ndiaidh an Phríomhfheidhmeannach a roghnú, d'eisigh airí eachtracha G7 ráiteas comhpháirteach maidir le Hong Cong an 9 Bealtaine

D'ardaigh an tAontas a ábhair imní maidir le saoirsí bunúsacha agus méid neamhspleáchais Hong Cong le ceannaireacht na Síne ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tSín a tionóladh an 1 Aibreán 2022, agus ag cruinniú Ceannairí a tionóladh an 1 Nollaig 2022.

In 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa dhá rún maidir le Hong Cong, mar a leagtar amach thíos.

An 20 Eanáir ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le sáruithe ar shaoirsí bunúsacha i Hong Cong. Leis an rún 'cáintear go tréan go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhlachais agus saoirse an phreasa chomh diansrianta i Hong Cong agus atá siad sa tSín, agus athdhearbhaítear ann a dhlúthpháirtíocht le muintir Hong Cong agus iad ag troid ar son na saoirse agus an daonlathais'.

An 7 Iúil ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le gabháil an Chairdinéil Zen agus iontaobhaithe an Chiste um Fhóirithint Dhaonnúil 612 i Hong Cong. Cáintear leis an rún 'gabhálacha an Chairdinéil Joseph Zen, duine de na habhcóidí is láidre i ngluaiseacht na cathrach ar son an daonlathais, agus na gceathrar iontaobhaithe eile den Chiste um Fhóirithint Dhaonnúil 612 i Hong Cong, ar ionsaí iad ar na saoirsí a ráthaítear le Bundlí Hong Cong, lena n-áirítear saoirse reiligiúin nó creidimh'.

Tharla cúlú eacnamaíoch arís i ngeilleagar Hong Cong in 2022, cé go ndearnadh srianta taistil agus sláinte a mhaolú de réir a chéile sa dara cuid den bhliain. Bhí Hong Cong fós ar an tríú ceann scríbe infheistíochta ba mhó ar domhan agus ba é an cúigiú geilleagar trádála ba mhó ar domhan. Tháinig laghdú 0.9 % bliain ar

[4] Tvuít ón Urlabhraí ar dhúnadh Citizen News, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an 4 Eanáir 2022, le fáil ag: https://twitter.com/nabilaeuspox/status/1478056509825327109?s=21.
[5] Tvuít ar Hong Cong Watch mar an chéad eagraíocht eachtrach a fuair rabhadh ó na Póilíní Slándála Náisiúnta, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an 16 Márta 2022, le fáil ag: https://twitter.com/nabilaeuspox/status/1504029166622191616?s=21.
[6] Tvuít ar chomóradh 25 bliain bhunú Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an 1 Iúil 2022, le fáil ag: https://twitter.com/NabilaEUspox/status/1542747257639952384.

bhliain ar an líon cuideachtaí de chuid an Aontais idir Meitheamh 2021 agus Meitheamh 2022 (go 1,600). Fós féin, bhí cuideachtaí an Aontais i measc na gcuideachtaí ba athléimní ó bhí thús na paindéime ann (lenar bhain laghdú de 0.2 % go díreach ó mhí an Mheithimh 2019) agus bhí siad fós ar an bpobal gnó neamh-Shíneach ba mhó i Hong Cong. Ba é an tAontas an tríú comhpháirtí trádála in earraí ba mhó i Hong Cong sna chéad 10 mí in 2022, i ndiaidh mhórthír na Síne agus na Téaváine.

Tháinig laghdú 3.3 % bliain ar bhliain ar gheilleagar Hong Cong [7] sna chéad 9 mí in 2022 Bhí dúshláin mhéadaithe os comhair an tionscail airgeadais agus an tionscail trádála agus lóistíochta i rith na bliana, agus bhí na tionscail a bhain le caiteachas turasóireachta fós ag tearcfheidhmiú.

Taispeántar i sonraí oifigiúla ón Roinn Daonáirimh agus Staidrimh gur tharla an laghdú daonra ba mhó i Hong Cong ó cuireadh tús le rianú in 1961. D'fhág thart ar 116,600 duine idir 18 agus 39 mbliana d'aois le 2 bhliain anuas. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 121,500 ar an daonra – nó 1.6 % bliain ar bhliain idir mí an Mheithimh 2021 agus mí an Mheithimh 2022 (95,000 duine mar gheall ar ghlan-eis-sreabhadh cónaitheoirí agus 26,500 duine mar gheall ar líon na mbásanna a sháraigh líon na mbreitheanna)[8].

*Forléargas ar chás agus ar fhorbairtí COVID-19*

Ag tús na bliana, neartaigh an rialtas na bearta a bhí i bhfeidhm chun srian a chur ar ráig COVID-19. Leis na bearta sin, rinneadh Hong Cong a scaradh ón gcuid eile den domhan, toisc go raibh ina measc sásra fionraí eitilte, toirmeasc idirthurais a chlúdaigh níos mó ná 100 tír agus críoch lena n-áirítear an Fhrainc[9], agus 3 seachtaine de choraintín óstáin do thaistealaithe isteach. Bhí tionchar ag na srianta ar an saol laethúil agus ar an ngeilleagar, mar gheall ar theorainneacha ar an saol sóisialta, ar chur chun feidhme cóid sláinte, agus ar thabhairt isteach aipe rianaithe dhigitigh. Sroicheadh buaic an cúigiú tonn i mí an Mhárta, agus níos mó ná 58,000 cás deimhnithe in aghaidh an lae á dtaifeadadh ag Hong Cong. Nuair a tháinig feabhas de réir a chéile ar chás na paindéime agus nuair a chuaigh riarachán nua i mbun oifige an 1 Iúil, ghlac an rialtas bearta chun filleadh ar an saol mar a bhí de réir a chéile.

---

[7] Preaseisiúint: *Advance estimates on Gross Domestic Product for third quarter of 2021* [Preaseisiúint maidir le réamh- mheastacháin i ndáil le hOlltáirgeacht Intíre le haghaidh an tríú ráithe de 2021], an 1 Samhain 2021, Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag: https://www.censtatd.gov.hk/en/press_release_detail.html?id=4917.

[8] Preaseisiúint: *Mid-year population for 2022* [Daonra lár na bliana le haghaidh 2022], an 11 Lúnasa 2022, Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag: https://www.censtatd.gov.hk/en/press_release_detail.html?id=5078.

# I. Forbairtí polaitiúla agus sóisialta

## Forbairtí polaitiúla

Ceiliúradh **comóradh 25 bliain aistriú Hong Cong** ón Ríocht Aontaithe go dtí Daon-Phoblacht na Síne an bhliain sin. Faoin bprionsabal 'aon tír amháin, dhá chóras', níor cheart go ndéanfaí athrú ar chóras eacnamaíoch agus slí mhaireachtála Hong Cong ar feadh 50 bliain, mar atá leagtha síos i gComhdhearbhú na Síne-na Breataine. An 1 Iúil, thug an tUachtarán Xi Jinping le fios den chéad uair go bhféadfaí an prionsabal 'tír amháin, dhá chóras' a choinneáil i bhfeidhm i ndiaidh 2047, faoi dhlínse chuimsitheach na Síne.

Beartaíodh i ndearbhú na Síne-na Breataine go mbainfeadh Hong Cong leas as 'ardleibhéal neamhspleáchais' mar Shainréigiún Riaracháin agus gurb iad muintir Hong Cong a rialódh Hong Cong.

Bhí sé mar aidhm le hollchóiriú toghcháin 2021 a áirithiú gur iad 'tírghráthóirí a riarfadh Hong Cong'. Tharla an chéad **toghchán don Phríomhfheidhmeannach** ó rinneadh an t-ollchóiriú an 8 Bealtaine. Ba é an t-iar-oifigeach póilíneachta agus an Príomh-Rúnaí Riaracháin John Lee an t-aon iarratasóir sa rás. Chuir srianta COVID-19 isteach ar an sceideal toghcháin. An 18 Feabhra, d'fhógair an Príomhfheidhmeannach a bhí ann an tráth sin, Carrie Lam, go gcuirfí an toghchán siar 6 seachtaine, ón 27 Márta go dtí an 8 Bealtaine, agus ordú an Uachtaráin Xi Jinping á lua aici go ndéanfaí staid COVID-19 a rialú, agus d'agair sí Reacht na Rialachán Éigeandála.

I ndiaidh thús na tréimhse ainmniúcháin an 3 Aibreán, dúirt an Príomhfheidhmeannach Carrie Lam nach raibh sí ag iarraidh go n-atoghfaí í. An 6 Aibreán, chuir Oifig Idirchaidrimh Dhaon-Phoblacht na Síne in iúl i gcruinniú le scothaicmí polaitiúla gur thacaigh sí le John Lee. An lá céanna, d'éirigh John Lee as a phost mar Phríomh-Rúnaí an Riaracháin agus dhearbhaigh sé go raibh sé beartaithe aige dul san iomaíocht don toghchán. An 7 Aibreán, ghlac Comhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne le héirí as oifig John Lee de réir an Bhundlí. Ar an 9 Aibreán, chuir John Lee foireann feachtais ar bun agus d'eagraigh sé imeacht meán fíorúil lena iarrthóireacht a dhearbhú.

In aon 1 lá amháin, fuair John Lee thart ar 300 ainmniúchán a chlúdaigh gach ceann de na 5 earnáil den Choiste Toghcháin athchóirithe ina raibh 1, 463 ball. Sháraigh sin an tairseach riachtanach de 188 ainmniúchán, agus bhí sé gar dá sprioc sonraithe de 500 ainmniúchán. An 16 Aibreán, tháinig deireadh leis an tréimhse ainmniúcháin: bhailigh sé 786 ainmniúchán. Dhá lá ina dhiaidh sin,

dhearbhaigh an Coiste um Athbhreithniú Incháilitheachta Iarrthóireachta iarrthóireacht John Lee, ag dearbhú gurb é an t-aon iarrthóir é.

Lean an rás aon duine sin samhail Macao, i gcás nach raibh ach iarrthóir amháin ann i gcónaí chun an Príomhfheidhmeannach a roghnú.

Le linn an fheachtais toghcháin, theip ar John Lee agus ar a fhoireann cóipeanna de thrí fhoirm toilithe tacaíochta a chomhdú laistigh den am a shonraigh an coimisiún um ghnóthaí toghcháin, cion lena ngabhann pianbhreith uasta 6 mhí sa phríosún agus pionós HKD 5 000 (EUR 594.5). I mí Lúnasa, rialaigh an Ard-Chúirt nach raibh an sárú beartaithe agus nach ndearnadh é le drochintinn. Níor gearradh fíneáil ar John Lee.

An 8 Bealtaine, fuair John Lee 1 416 vóta, nó 99.2 % de na vótaí bailí, ó chomhaltaí an Choiste Toghcháin. Vótáil ochtar ball ina choinne agus caitheadh ceithre bhallóid fholmha. An 30 Bealtaine, fuair sé deimhniú ceapacháin mar Phríomhfheidhmeannach an séú téarma ón bPríomh-Aire Li Keqiang agus an 1 Iúil, chuir an tUachtarán Xi Jinping faoi mhionn é.

Rinne an Príomhfheidhmeannach an rialtas a atheagrú de réir a thosaíochtaí polaitiúla. Chruthaigh sé trí phost nua: Leas-Phríomh-Rúnaí Riaracháin, Leas-Rúnaí Airgeadais, agus Leas-Rúnaí Dlí agus Cirt. Bhunaigh sé Biúró Cultúir, Spóirt agus Turasóireachta nua freisin, roinn sé an Biúró Iompair agus Tithíochta ina Bhiúró Iompair agus Lóistíochta agus ina Bhiúró Tithíochta, agus neartaigh sé an Biúró Gnóthaí Baile, a ndearnadh an Biúró Gnóthaí Baile agus Óige de.

Go gairid i ndiaidh an rialtas nua a bhunú, threoraigh oifigigh shinsearacha rialtais, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach John Lee agus an Rúnaí Airgeadais Paul Chan, toscaireachtaí thar lear de réir straitéis 'Belt and Road' na Síne. Thug siad cuairteanna ar thíortha an Mheánoirthir, go háirithe an Araib Shádach, agus Oirdheisceart na hÁise. I mí na Samhna, d'fhreastail Paul Chan ar chruinniú G20 i mBailí mar bhall de thoscaireacht na Síne, agus stiúir Príomhfheidhmeannach John Lee toscaireacht chun freastal ar Fhóram um Chomhar Eacnamaíoch na hÁise agus an Aigéin Chiúin sa Téalainn, chun íomhá Hong Cong a chur chun cinn, toisc go raibh an chríoch á athoscailt don domhan.

An 19 Deireadh Fómhair, thug John Lee a chéad aitheasc beartais don Chomhairle Reachtach. Nocht sé sraith beart maidir le téarnamh Hong Cong, mar scéimeanna tallainne arb é is aidhm dóibh 35,000 gairmí a mhealladh gach bliain sna 3 bliana amach romhainn; bunú oifige chun Fiontair Straitéiseacha a Mhealladh; agus seoladh ciste comhinfheistíochta dar luach HKD 30 billiún

(EUR 3.7 billiún) chun infheistíocht a mhealladh ó ghnólachtaí straitéiseacha. D'fhógair sé freisin go mbunófaí foirne tiomnaithe sna 17 nOifig Eacnamaíocha agus Trádála de chuid Hong Cong ar an mórthír agus thar lear, chun teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí agus gairmithe.

Tharscaoil an rialtas na dleachtanna stampa maoine breise d'eachtrannaigh a bhfuil cónaí orthu i Hong Cong ar feadh 7 mbliana agus ar cónaitheoirí buana iad. Nocht John Lee sprioc uaillmhianach laghdú a dhéanamh ar an am feithimh chun tithíocht phoiblí a ligean ar cíos ón leibhéal reatha de thart ar 6 bliana go dtí thart ar 4.5 bliana i gceann 4 bliana.

An 18 Nollaig, reáchtáladh fothoghchán do thoghcheantar Choiste Toghcháin na Comhairle Reachtaí chun ceithre shuíochán an Choiste Toghcháin a líonadh a d'fhág iarchomhaltaí na Comhairle Reachtaí arna gceapadh sa rialtas. Ba é seo an ceathrú fothoghchán faoin bprionsabal 'Hong Cong á riaradh ag tírghráthóirí' a bunaíodh leis an ollchóiriú toghcháin 2021. Bhí na bonn toghcháin comhdhéanta de 1, 441 duine. Ba é 90.7 % an ráta vótála. Ní raibh aon bhall den dream ar son an daonlathais rannpháirteach sa toghchán.

Thit Hong Cong trí áit in **innéacs daonlathais dhomhanda** an Aonaid Faisnéise Eacnamaithe, ag teacht sa 88ú háit i measc 167 dtír agus gcríoch. Laghdaigh an spás do na grúpaí polaitiúla ar son an daonlathais. I mí na Nollag, d'fhógair cathaoirleach an Pháirtí Shibhialta, an dara páirtí is mó sa Chomhairle Reachtach, go gcaithfí an páirtí a dhíscaoileadh.

### An tionchar a bhí ag paindéim COVID- 19

Ag tús na bliana, **neartaigh an rialtas bearta** chun srian a chur ar an gcúigiú tonn de ráig COVID-19, trí choraintín trí seachtaine a chur chun feidhme in óstáin do thaistealaithe isteach, sásra dian fionraí eitilte a chur chun feidhme, agus toirmeasc idirthurais a chur chun feidhme a chlúdaigh níos mó ná 100 tír agus críoch lena n-áirítear an Fhrainc, agus ar an dóigh sin dhéanfaí Hong Cong a leithlisiú ón gcuid eile den domhan. Tógadh saoráidí móra leithlisithe lena raibh acmhainn iomlán de 40, 000 leaba, toisc gur gheall na húdaráis go gcuirfeadh siad 'beartas dinimiciúil le haghaidh COVID nialasach' i bhfeidhm cosúil leis an mbeartas a bhí ar mhórthír na Síne. Tugadh isteach tástálacha éigeantacha áitiúla agus dianghlasáil éigeantach áitiúil. Bhí cásanna ann inar scaradh leanaí óga lena n-áirítear scaireadh leanaí óna dtuismitheoirí. Chuir an rialtas dianbhearta scartha shóisialta i bhfeidhm lena n-áirítear scolaíocht ar líne agus srianta ar bhialanna, agus dúnadh ionaid spóirt, pictiúrlanna agus spásanna poiblí.

Scríobh Oifig an Aontais roinnt litreacha chuig an rialtas, inar léiríodh imní faoi thionchar na mbeartas sin, mar measadh gur fhág thart ar 10 % de náisiúnaigh an Aontais a raibh cónaí orthu i Hong Cong mar gheall ar na dianbheartais.

Sholáthair an rialtas láir treoir maidir leis an gcomhrac i gcoinne na paindéime lenar tugadh le fios gur ábhar slándála náisiúnta a bhí ann. An 16 Feabhra, luaigh na meáin gur thug Xi Jinping, ina cháil mar Ard-Rúnaí Pháirtí Cumannach na Síne, ordú do cheannairí Hong Cong príomhthosaíocht a thabhairt don phaindéim a rialú. Bhunaigh rialtas Hong Cong cúig thascfhórsa leis an rialtas láir. D'áitigh an rialtas áitiúil Ordanás na Rialachán Éigeandála lenar ceadaíodh do ghairmithe leighis mhórthíor na Síne cóireáil a chur ar othair COVID-19 gan iarratas a dhéanamh ar cheadúnas áitiúil, agus ceadaíodh leigheas de chuid mhórthír na Síne dul timpeall ar an sásra clárúcháin áitiúil.

I ndiaidh an 1 Iúil, chuir an an rialtas deireadh de réir a chéile le srianta taistil isteach agus leis an sásra fionraí eitilte agus laghdaigh sé fad an choraintín éigeantaigh óstáin. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh coraintín baile in ionad leithlisiú láraithe óstáin do thaistealaithe isteach. Bhí na bearta lena n-áirítear faireachas leighis agus tástálacha COVID-19 fós i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana. Méadaíodh an teorainn ar chruinniú poiblí ó 4 go 12.

### Cur chun feidhme na ndlíthe slándála náisiúnta

Lean gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí de dhaoine a ghabháil ar fhorais slándála náisiúnta. De réir an Bhiúró Slándála, bhí 236 duine gafa faoin Dlí Náisiúnta Slándála faoin 31 Nollaig 2022[10]. Rinne na húdaráis 145 dhuine aonair agus 5 chuideachta a chúiseamh. Is é 100 % an ráta ciontaithe. Is é príosúnacht saoil an phianbhreith uasta faoin Dlí Slándála Náisiúnta.

Cuireadh tús le gné sheach-chríochach an Dlí Slándála Náisiúnta a chur chun feidhme. Ó mhí Feabhra i leith, chuir soláthraithe seirbhíse idirlín bac ar shuíomh gréasáin ghrúpa ceart Hong Cong Watch atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. An mhí dár gcionn, bhí Hong Cong Watch ar an gcéad ghrúpa lasmuigh de Hong Cong a fuair rabhadh ó na póilíní slándála náisiúnta. I mí Dheireadh Fómhair, ní fhéadfaidh rochtain a fháil ó Hong Cong a thuilleadh ar shuíomh gréasáin an ghrúpa um chearta, Comhairle Daonlathais Hong Cong, atá bunaithe sna Stáit Aontais.

Fuair baill den tsochaí shibhialta thar lear rabhaidh ó na húdaráis. I mí Aibreáin, fuair iar-reachtóir ar deoraíocht ordú um shrianadh maoine, inar cuireadh cosc air féin agus ar roinnt ball teaghlaigh déileáil lena gcuid sócmhainní sa chathair. Tuairiscíodh gur tugadh rabhadh do ghníomhaí ar deoraíocht go bhféadfadh sé go ngabhfaí í ar filleadh di ar Hong Cong agus gur chuir na póilíní toghairm ar a teaghlach lena gceistiú[11].

D'fhógair na hocht n-ollscoil atá maoinithe go poiblí pleananna chun cúrsaí slándála náisiúnta a thabhairt isteach. Fuair meánscoileanna agus bunscoileanna treoirlínte maidir le foilseacháin lena bhféadfaí an Dlí Slándála Náisiúnta a shárú a bhaint. Cuireadh 14 dhalta i meánscoil ar fionraí toisc nár fhreastail siad ar shearmanas ardaithe brataí[12]. Bhí ar mhúinteoirí Béarla dúchais eachtrannacha a bhí ag obair i scoileanna poiblí dearbhú dílseachta a shíniú leis an mBundlí.

Baineadh úsáid rialta as dlí ceannairce na ré coilíneachta in 2022, dlí nár baineadh úsáid as go dtí mí an Mhárta 2020. Déantar thart ar aon chúigiú de na gabhálacha a dhéanann na póilíní slándála náisiúnta faoin dlí sin. An 1 Samhain, gabhadh náisiúnach amháin de chuid an Aontais faoin dlí. Níos déanaí, mhaígh na húdaráis gurbh náisiúnach Síneach é an fear agus, dá bhrí sin, nár ceadaíodh cúnamh consalachta dó.

[10] https://www.info.gov.hk/gia/general/202302/14/P2023021400644.htm
[11] https://www.rfa.org/cantonese/news/htm/hk-relative-11222022024155.html
[12] https://www.thestandard.com.hk/breaking-news/section/4/195744/School-suspends-14-students-for-%E2%80%98disrespectful-behavior%E2%80%99-during-national-anthem-and-flag-raising-ceremony

Cuireadh reacht sonraí pearsanta 2021, ar a dtugtar an dlí 'frithdhocsála', i bhfeidhm go forleathan. Nocht an Coimisinéir um Shonraí Pearsanta, ó tháinig an dlí i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2021, gur eisigh a hoifig níos mó ná 770 'fógra scoir' chuig 14 ardán meán sóisialta, lenar éilíodh go mbainfí thart ar 3, 900 teachtaireacht[13].

Cuireadh moill ar thabhairt isteach na reachtaíochta slándála náisiúnta a fógraíodh faoi Airteagal 23 den Bhundlí. Chomh maith leis na ceithre chion faoin Dlí Slándála Náisiúnta, táthar ag súil le reachtaíocht Airteagal 23 go gcuirfear cosc ar thréas, ar cheannairc, ar ghoid rún stáit, ar eagraíochtaí nó ar chomhlachtaí polaitiúla eachtrannacha a dhéanann gníomhaíochtaí polaitiúla, agus ar eagraíochtaí nó ar chomhlachtaí polaitiúla de chuid Hong Cong a chruthaíonn ceangail le heagraíochtaí nó comhlachtaí polaitiúla eachtracha.

### Imeachtaí breithiúnacha

Leanadh d'imeachtaí breithiúnacha faoin Dlí Slándála Náisiúnta.

Is í **olltriail na 47** ndlíodóir agus ngníomhaí a ghlac páirt i dtoghchán príomhúil in 2020 an cás um Dhlí Slándála Náisiúnta ag a raibh an líon is mó cosantóirí go dtí seo. D'fhéadfadh an triail fhoirmiúil san Ard-Chúirt, a bhí sceidealaithe le haghaidh thús 2023, maireachtáil ar feadh míonna. Chuisigh an t-ionchúisitheoir na 47 ndlíodóir agus ngníomhaí as 'comhcheilg chun treascartha' faoin Dlí Slándála Náisiúnta; d'fhéadfadh sé go ngearrfaí suas go le príosúnacht saoil orthu. Toisc gur dhiúltaigh an chúirt bannaí d'fhormhór na gcosantóirí i mí an Mhárta 2021, tá go leor acu fós faoi choimeád ó bhí mhí Eanáir 2021 ann, agus tá cuid acu faoi ghaibhniú aonair. Ní mór dóibh siúd atá ar bhannaí cloí le coinníollacha dochta, lena n-áirítear cosc ar labhairt leis na meáin nó le taidhleoirí. I mí Eanáir agus i mí an Mhárta, faoi seach, chúlghair an chúirt bannaí dhá chosantóir i ndiaidh di teacht ar an gconclúid go bhféadfadh a bpoist sna meáin shóisialta an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol. Gheall an Rúnaí Dlí agus Cirt go dtabharfaí aghaidh ar imní faoi mhoilleanna in ionchúiseamh an cháis. I mí Lúnasa, d'ordaigh an Rúnaí Dlí agus Cirt do phainéal ina raibh trí bhreithiúnas ainmnithe faoin Dlí Slándála Náisiúnta an cás a éisteacht, in ionad triail ghiúiré a dheonú, rud a ghairfeadh rannpháirtíocht eilimintí eachtracha agus sábháilteacht phearsanta giúróirí agus a mball teaghlaigh.

Chuaigh dhá chás i gcoinne **Chomhghuaillíocht Hong Cong chun Tacú le Gluaiseachtaí Daonlathacha Tírghrácha na Síne** (an 'Chomhghuaillíocht') isteach i gcéim na trialach in 2022 D'eagraigh an grúpa an bhigil bhliantúil faoi

[13] https://hongkongfp.com/2022/06/14/hong-kong-watchdog-told-14-social-media-sites-to-remove-3900-doxxing-items-in-8-months/

sholas coinnle chun sléacht Tiananmen a chomóradh. Tá iar-leas-uachtarán na Comhghuaillíochta, Chow Hang-tung, sa phríosún ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann. I gceann de na cásanna, chúisigh an t-ionchúisitheoir an Chomhghuaillíocht agus a príomhbhaill (Chow Hang-tung, Lee Cheuk-yan, agus Albert Ho) as gríosú chun treascartha lena ngabhann pionós uasta príosúnachta saoil. Tá an cás san Ard-Chúirt anois, go dtí go ndeimhneofar a sceideal éisteachta go críochnaitheach. Phléadáil na trí chosantóir neamhchiontach. Bhuaigh duine de na cosantóirí, Chow Hang-tung, atá á cosaint féin, conspóid dlí chun srianta ar thuairisciú a bhaint i mí Lúnasa 2022[14].

Sa dara cás, chuisigh an t-ionchúisitheoir an Chomhghuaillíocht mar nár chloígh sí le hiarrata ar fhaisnéis a d'eisigh na póilíní slándála náisiúnta a sholáthar i mí Lúnasa 2021. Le linn na héisteachta, chuir an t-ionchúisitheoir i leith an ghrúpa gur 'gníomhaire eachtrach' a bhí ann ach dhiúltaigh sé an tír nó an t-eintiteas eachtrach a bhí i gceist a chur in iúl. Rinne an t-ionchúisitheoir cuid mhór den fhaisnéis a atheagrú, agus de dheasca sin ní raibh na trí iar-bhall bhuana den Chomhghuaillíocht ábalta na finnéithe a cheistiú nó a chroscheistiú sa chúirt. Chuir an breitheamh cosc ar Chow Hang-tung 'sléacht Tiananmen' a thabhairt ar chniogbheartaíocht fhoréigneach 1989. Is  6 mhí sa phríosún an pionós uasta.

An 14 Nollaig, fuair an Ard-Chúirt go raibh Chow Hang-tung neamhchiontach as an gcúiseamh as tionól neamhúdaraithe a ghríosú (bigil Tiananmen 2021) agus chúlghair sí an phianbhreith príosúnachta 15 mhí a tugadh di i mí Eanáir 2021.

Sa chás Dlí Slándála Náisiúnta agus ceannairce a bhain leis an toicí meán **Jimmy Lai,** phléadáil sé iar-iriseoir de chuid Apple Daily ciontach agus phléadáil Jimmy Lai agus na trí chuideachta a bhaineann le Apple Daily neamhchiontach. Chuisigh an t-ionchúisitheoir iad as 'comhcheilg chun claonpháirteachas a dhéanamh le tír eachtrach nó le heilimintí seachtracha chun an tslándáil náisiúnta a chur i mbaol agus as 'comhcheilg chun foilseacháin cheannairceacha a phriontáil, a fhoilsiú, a dhíol, a thairiscint lena ndíol, a dháileadh, a thaispeáint agus/nó a atáirgeadh'. Is é príosúnacht saoil an pionós uasta.

I ndiaidh don Chúirt Achomhairc Dheiridh a rialú go bhféadfadh Jimmy Lai dlíodóir eachtrach a fhostú chun é a chosaint sa chúirt, d'iarr an Príomhfheidhmeannach John Lee ar Bhuanchoiste Dhaon-Chomhdháil Náisiúnta na Síne (SCNPC) an Dlí Slándála Náisiúnta a léirmhíniú, féachaint an bhféadfadh sé dul i gcoinne 'chuspóir' agus 'rún reachtach' an dlí dá ndéanfaí

[14] Le Reacht Ghiúistís Hong Cong cuirtear cosc ar thuairisciú ar imeachtaí cimithe, ach is féidir leis an ngiúistís an toirmeasc a bhaint ar iarratas ón gcúisí.

dlíodóir eachtrach a fhostú. An 30 Nollaig, ghlac SCNPC léirmhíniú ar Airteagail 14 agus 47 den Dlí Slándála Náisiúnta, ag sonrú go bhféadfadh an Príomhfheidhmeannach agus an Coiste um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint cinneadh a dhéanamh an bhféadfadh cosantóir dlíodóirí thar lear a fhostú[15]. Ba é sin an chéad léirmhíniú ar an Dlí Slándála Náisiúnta ón NPCSC. Gan beann ar chás sonrach Jimmy Lai, leis an léirmhíniú sin ar an Dlí Slándála Náisiúnta tugtar cumhachtaí don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste um Shlándáil Náisiúnta a Chosaint cinntí a dhéanamh ar chásanna cúirte aonair gan an fhéidearthacht go ndéanfaí agóid in aghaidh an chinnidh trí athbhreithniú breithiúnach. D'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint de neamhspleáchas na mbreithiúna agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar an muinín sa smacht reachta. Cuireadh triail Jimmy Lai siar go dtí an 25 Meán Fómhair 2023, toisc go bhfuil Reacht na gCleachtóirí Dlí á leasú ag an rialtas i ndiaidh rialú SCNPC.

I gcás ar leith, rialaigh an Chúirt Dúiche gur sháraighJimmy Lai téarmaí léas cheanncheathrú a chuideachta meán tríd an ngnólacht comhairleoireachta a bhí ag feidhmiú sa suíomh céanna a cheilt[16]. Ghearr an breitheamh pianbhreith 5 bliana agus 9 mí sa phríosún ar Jimmy Lai, agus ghearr sé fíneáil HKD 2 mhilliún (EUR 241 570) air.[17].

Bhí baint ag an iar-reachtóir Cyd Ho, ag an amhránaí Denise Ho, ag an scoláire Hui Po-keung, ag an abhcóide Margaret Ng, ag an gCairdinéal Joseph Zen, 92 bliain d'aois, agus ag rúnaí an Chiste Sze Ching-wee le cás an **Chiste um Fhóirithint Dhaonnúil 612** ('an Ciste)'. Gabhadh iad idir an 10 agus an 12 Bealtaine. Nuair a gabháladh Hui, bhí sé ag fágáil na cathrach chun post múinteoireachta a ghlacadh in ollscoil san Aontas.

Soláthraíodh cúnamh airgeadais dóibh siúd a gortaíodh nó a gabhadh le linn agóidí 2019 as an gCiste a bunaíodh i mí an Mheithimh 2019, ar fáil . Scoir sé d'oibríochtaí i mí Dheireadh Fómhair 2021 nuair a shonraigh na póilíní slándála náisiúnta go raibh sé ina ábhar d'imscrúdú. Dhearbhaigh an Vatacáin go raibh 'aird shuntasach á tabhairt aici ar fhorbairt na staide'[18]. Rialaigh an chúirt gur theip ar iontaobhaithe an Chiste iarratas a dhéanamh ar chlárú nó ar dhíolúine ó chlárú laistigh den am sonraithe, cion lena ngabhann pionós uasta HKD 10 000 (EUR 1,269). Gearradh fíneáil HKD 4 000 (EUR 490) an duine ar an gceithre iontaobhaí, agus b'éigean don rúnaí HKD 2 500 (EUR 305) a íoc. Tá achomharc déanta ag na cúig iontaobhaí.

[15] http://www.news.cn/2022-12/30/c_1129245755.htm
[16] https://legalref.judiciary.hk/doc/judg/html/vetted/other/ch/2021/DCCC000349_2021_files/DCCC000349_2021ES.htm
[17] https://legalref.judiciary.hk/doc/judg/html/vetted/other/ch/2021/DCCC000349A_2021_files/DCCC000349A_2021ES.htm
[18] https://www.vaticannews.va/en/pope/news/2022-05/cardinal-zen-arrested-in-hong-kong-holy-see-expresses-concern.html

Coigistíodh sócmhainní **Spark Alliance**, ardán eile a sholáthair cúnamh airgeadais le linn agóidí 2019. Cheadaigh an Ard-Chúirt urghabháil HKD 70 milliún (EUR 8.89 milliún) 'd'fháltais ó choireacht.' Chúisigh na póilíní an duine a gabhadh as na cistí a úsáid chun críoch eile seachas na críocha a maíodh[19].

I rith na bliana freisin gearradh an chéad **phianbhreith ar mhionaoisigh** faoin Dlí Slándála Náisiúnta, rud a chuir 'imní' ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine[20]. I mí Dheireadh Fómhair, ghearr an chúirt pianbhreith ar cheithre dhéagóir idir 16 agus 19 mbliana d'aois de suas le 3 bliana faoi choinneáil ag saoráid cheartúcháin. Phléadáil an ceathrar ciontach as comhcheilg chun treascairt a spreagadh.

An 30 Márta, chuir Uachtarán Chúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe, an Tiarna Reed, agus a chomhghleacaí an Tiarna Hodge isteach a litreacha go raibh siad ag éirí as oifig mar bhreithiúna neamhbhuana ó Chúirt Achomhairc Dheiridh Hong Cong. Dúirt an Tiarna Reed'nach féidir le breithiúna na Cúirte Uachtaraí leanúint ar aghaidh ina suí i Hong Cong agus an chuma air go dtacaíonn siad le riarachán a d'imigh ó luachanna na saoirse polaitiúla, agus na saoirse cainte, luachanna a bhfuil Breithiúna na Cúirte Uachtaraí tiomanta go mór dóibh'. Tá deich mbreitheamh thar lear fós ina suí ar bhinse na Cúirte Uachtaraí.' D'éirigh siad go léir as a bpoist oifigiúla.

### Freagraí idirnáisiúnta

An 28 Bealtaine, **d'eisigh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine**, Michelle Bachelet, ráiteas i ndiaidh a cuairte oifigiúla ar an tSín. D'iarr sí ar an rialtas 'an acmhainn ollmhór atá ann don tsochaí shibhialta agus don lucht acadúil i Hong Cong 'a chothú agus gan srian a chur uirthi' chun cuidiú le cearta an duine a chur chun cinn sa Sainréigiún Riaracháin agus níos faide i gcéin. Chuir sí imní in iúl faoi ghabháil dlíodóirí, gníomhaithe, iriseoirí agus daoine eile faoin Dlí Slándála Náisiúnta.[21].

I mí Iúil, d'áitigh **Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine** ina cheathrú athbhreithniú tréimhsiúil faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla i Hong Cong ar Hong Cong 'an Dlí Slándála Náisiúnta reatha a aisghairm agus, idir an dá linn, staonadh ón Dlí a chur i bhfeidhm'.

[19] https://www.thestandard.com.hk/breaking-news/section/4/195125/HK$70m-confiscated-from-fundraising-platform-for-HK-protesters
[20] https://www.ohchr.org/en/press-briefing-notes/2022/10/alarm-sentencing-under-national-security-law
[21] https://www.ohchr.org/en/statements/2022/05/statement-un-high-commissioner-human-rights-michelle-bachelet-after-official

Chuir an Coiste i dtábhacht an imní maidir leis an easpa soiléireachta faoi choincheap na 'slándála náisiúnta' agus an fhéidearthacht go n-aistreofaí cásanna ó Hong Cong go mórthír na Síne (nach páirtí stáit sa Chúnant é) lena n-imscrúdú, lena n-ionchúiseamh, lena dtriail agus chun pionóis a fhorghníomhú ina leith. D'áitigh an Coiste freisin ar na húdaráis na rialacha ceannairce a aisghairm agus staonadh ón Dlí Slándála Náisiúnta a úsáid chun léiriú tuairimí criticiúla agus easaontacha a chosc. Maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí reachtaíocht slándála náisiúnta nua a achtú faoi Airteagal 23 den Bhundlí, d'áitigh an Coiste ar Hong Cong a áirithiú go mbeadh an próiseas reachtach 'cuimsitheach agus trédhearcach, rud a d'éascódh rannpháirtíocht shaor, oscailte agus fhiúntach na sochaí sibhialta agus an phobail'.

**Cearta, saoirsí agus comhdheiseanna**

Bhí tionchar diúltach ag an Dlí Slándála Náisiúnta ar phríomhchodanna den phobal dlí. D'fhág roinnt dlíodóirí atá aitheanta as cearta an duine a chosaint, lena n-áirítear iar-chathaoirleach an **Chomhlachais Barra**, nuair a glaodh orthu chuig cruinnithe leis na póilíní slándála náisiúnta i ndiaidh iad a phiocadh amach i meáin a bhí ar son Bhéising. I mí an Mhárta, cheap an Príomhfheidhmeannach Carrie Lam cathaoirleach an Chomhlachais Barra ar an gCoimisiún um Moladh Oifigeach Breithiúnach in ionad an ainmní níos neamhbhailbh a mhol an Comhlachas Barra. Toghadh iarrthóirí nach raibh chomh neamhbhalbh le comhairle rialaithe an **Chumainn Dlí**, comhlacht aturnaetha gutha Hong Cong roimhe seo a eisíonn moltaí dlí don rialtas Chaill dlíodóir mór le rá um cheart an duine a shuíochán ar an gcomhlacht.

Tá **saoirse comhthionóil** á cur i mbaol níos mó agus níos mó. Ní mór d'eagraithe slógaí 'litir neamhagóide' a fháil ó na póilíní má fhreastalaíonn níos mó ná 50 duine orthu. Maidir le taispeántais, tá an tairseach sin socraithe ag 30 duine. Ó bhí 2020 ann, tá cosc ar theacht le chéile de níos mó ná ceithre dhuine – dhá dhuine uaireanta - ar fhorais COVID 19. I mí an Mhárta, gearradh fíneáil ar chúpla duine a d'fhreastail ar agóid bheag lenar sonraíodh an chéad mhí de chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin toisc gur tháinig siad le chéile i ngrúpaí ina raibh níos mó ná dhá dhuine. Den tríú huair as a chéile, níorbh fhéidir an comóradh bliantúil ar chomóradh shléacht Tiananmen a reáchtáil. Chuir na póilíní tródam ar an bpáirc agus gabhadh sé dhuine.

Tá an **tsaoirse acadúil** curtha faoi bhrú mar gur dhírigh roinnt de na meáin ar acadóirí agus cháin siad a gcuid oibre taighde bunaithe ar a seasaimh pholaitiúla bhraite,rud a chuir iallach ar chuid acu a bpoist a fhágáil. I gcás amháin, dhiúltaigh an rialtas d'iarratas víosa taighdeora eachtraigh agus níor cuireadh an scoláire ná an scoil ar an eolas go hoifigiúil faoi na cúiseanna a bhí leis an diúltú

sin. Chinn scoláirí i réimse na n-eolaíochtaí polaitiúla taighde a bhí íogair a chur siar. Dhún roinnt ollscoileanna a gcuid ranna eolaíochta polaitiúla, agus níl roinnt ranganna ar chearta an duine san áireamh sna curaclaim a thuilleadh. Tháinig laghdú ar líon na mac léinn agus na dtaighdeoirí ón Aontas atá i Hong Cong.

Cuireadh níos mó srianta **ar shaoirse comhlachais agus ar cheardchumainn a bhunú**. Ó mhí Mheán Fómhair, ní mór do cheardchumainn gealltanas a shíniú ina ngeallann siad nach gcuirfidh siad an tslándáil náisiúnta i mbaol. D'fhormheas an Chomhairle Reachtaíochta cruthú poist thiomnaithe mar Phríomhoifigeach Saothair i Roinn an Lucht Oibre chun rialáil na gceardchumann a neartú. Áirítear ar dhualgais an phoist leasú a dhéanamh ar an Reacht um Cheardchumainn chun toirmeasc a chur ar dhaoine a ciontaíodh i gcionta slándála náisiúnta a bheith ina n-oifigigh cheardchumainn, agus pleananna oideachais do cheardchumainn maidir leis an tslándáil náisiúnta a chur chun feidhme[22].

Thuairiscigh Monatóir um Chearta Saothair Hong Cong gur díscaoileadh 62 cheardchumann ar a laghad agus gur gabhadh nó gur cúisíodh 11 eagraí ceardchumainn[23].

Fuair Cumann Iriseoirí Hong Cong (HKJA), an grúpa iriseoirí is mó i gcomhthéacs ballraíochta, iarratas i scríbhinn ó Chlárlann na gCeardchumann faoi Roinn an Lucht Oibre chun míniú a fháil ar a chuid oibríochtaí. Mar thoradh air sin, d'athraigh an cumann a rialacha inmheánacha lena dhíscaoileadh a éascú.

Bhí **saoirse an phreasa** faoi bhrú i gcónaí: e réir shuirbhé bliantúil HKJA, bhí scór saoirse an phreasa lena léirítear tuairimí oibrithe na meán ag 26.2, laghdú ó 32.1 in 2021, an laghdú is géire ó chuir an cumann an tús leis an innéacs[24]. De réir rangú Reporters Without Borders, thit saoirse an phreasa i Hong Cong go dtí an leibhéal b'ísle riamh, ag titim 68 n-áit go 148 n-áit i measc 180 áit[25].

Bhí cathaoirleach HKJA á chúiseamh as bac a chur ar phóilíní agus as mí-ord poiblí a chruthú agus tasc tuairiscithe á dhéanamh aige. Má chiontaítear é, d'fhéadfaí go ngearrfaí téarma príosúnachta suas le dhá bhliain air. I mí

[22] https://www.legco.gov.hk/en/legco-business/committees/financial-proposals-results.html?2022&20220708
[23] https://hklabourrights.org/advocacy/hong-kong-trade-union-movement-under-the-national-security-law-two-years-into-the-authoritarian-rule/
[24] https://hongkongfp.com/2022/09/24/shrinking-news-industry-hong-kong-press-freedom-index-sinks-to-new-low-as-media-outlets-disappear/
[25] https://rsf.org/en/country/hong-kong

Aibreáin, ghabh póilíní slándála náisiúnta iriseoir a raibh seantaithí aige faoin dlí ceannairce, ar chúiseamh comhcheilge chun ábhar ceannairceach a fhoilsiú.

Chuir ionaid nuachta níos neamhspleáiche deireadh lena gcuid oibríochtaí. I mí Eanáir, dúnadh Citizen News mar gheall ar imní faoi shlándáil a bhfoirne. I mí an Mheithimh, chuir an tseirbhís nuachta imscrúdaitheach Factwire deireadh lena hoibríochtaí. D'éirigh Mad Dog Daily, Dare Media HK agus Polymer as bheith ag oibriú in éineacht le cláir Chantainise Radio Free Asia.

Chuir Club na gComhfhreagraithe Eachtracha a Ghradaim Phreasa bhliantúla um Chearta an Duine ar ceal, ag lua 'línte dearga dlíthiúla'. Ag tosú ó 2023, is é Ollscoil Stáit Arizona a eagróidh an duais.

Tháinig méadú ar fhéinchinsireacht: ghabh cainéal teilifíse a leithscéal i ndiaidh dó gearáin a fháil go raibh 'fuath á ghríosú' ag a thuairisceoir. Chuir tuairisceoir ceist ar oifigigh rialtais faoin nós imeachta maidir le déileáil le gearáin i gcoinne gairmithe leighis ar an mórthír a tháinig go Hong Cong chun cuidiú leis an bpaindéim a rialú[26].

Le rialú Ard-Chúirte ceadaíodh d'oifigigh phóilíneachta rochtain a fháil ar ábhair iriseoireachta a bhí stóráilte i bhfóin chliste cosantóra i gcás um Dhlí Slándála Náisiúnta. Rialaigh an breitheamh gur sháraigh an gá atá le déileáil le coireanna ar mhaithe le leas an phobail pribhléid na hiriseoireachta[27].

Sheas an Ard-Chúirt le ciontú iriseora a bhain úsáid as faisnéis a fuarthas ó chlárlann phoiblí le haghaidh scéal imscrúdaitheach maidir le corraíolacha sóisialta 2019. Rinne an Chúirt Achomhairc Dheiridh an cás a sceidealú le haghaidh mhí Eanáir 2023.

Roghnaigh an rialtas na hiriseoirí a chlúdódh searmanais an 1 Iúil, inar chuir an tUachtarán Xi Jinping an Príomhfheidhmeannach nua faoi mhionn. Dhiúltaigh Roinn na Seirbhísí Faisnéise iarratais ó 13 iriseoir ar a laghad ó 9 n-eagraíocht meán áitiúla agus idirnáisiúnta.

Cuireadh gairmithe na meán faoi bhrú nuair a scríobh oifigigh rialtais chuig eagraíochtaí meán áitiúla agus eachtracha chun tuairiscí a cháineadh a raibh an chuma air go raibh na húdaráis á gcáineadh iontu[28].

---

[26] https://www.rfa.org/english/news/china/hongkong-media-03182022083215.html
[27] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=148078&QS=%2B%7C%28CACV35 6%2F2022%29&TP=JU
[28] https://www.brandhk.gov.hk/en/media-centre#clarifications

I mí Feabhra, cháin an Chomhghuaillíocht um Shaoirse na Meán, ina bhfuil na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe agus 19 dtír eile, údaráis Hong Cong agus na Síne as an mbonn a bhaint de shaoirse an phreasa[29].

Bhí tuilleadh tionchair ag an **dlí ceannairce** ar an **tsaoirse cainte** toisc gur gabhadh saoránaigh faoin dlí i ndiaidh barúlacha a postáladh ar na meáin shóisialta agus ar fhóraim idirlín. I gcás amháin, ghabh na póilíní ceithre dhuine a bhainistíonn fóram meán sóisialta inar chuir státseirbhísigh tuairimí in iúl gan ainm as ceannairc a spreagadh. Rinne na póilíní líomhaintí in aghaidh duine amháin ar a laghad. Níl leathanaigh ghréasáin eile den chineál céanna ar fáil a thuilleadh ach oiread[30].

II mí an Mheithimh, cuireadh dhá bhean sa phríosún ar feadh 6 agus 7 mí, faoi seach, as poist sna meáin shóisialta ina rabhthas ag cur i gcoinne vacsaíní COVID-19 agus rialacha frith-eipidéime[31]. I mí na Samhna, gearradh pianbhreith príosúin 12 mhí ar fhear uathach as daoine eile a ghríosú chun páirt a ghlacadh i dtionól neamhdhleathach agus gníomh a dhéanamh le hintinn cheannairceach[32].

Gearradh pianbhreith 19 mí sa phríosún ar chúig bhall de choiste feidhmiúcháin Aontas Ginearálta Teiripeoirí Urlabhra Hong Cong faoin dlí ceannairce as ‘comhcheilg chun foilseacháin cheannairceacha a phriontáil, a fhoilsiú, a dháileadh nó a thaispeáint[33]‘. De réir an bhreithiúnais, is éard a bhí sna leabhair mhaisithe a d’fhoilsigh na cosantóirí ‘cleachtadh múnlaithe inchinne le leanaí ceithre bliana d’aois agus os a chionn go bunúsach’[34]. Dúirt Human Rights Watch go bhféadfadh sé go ndearna rialtas Hong Cong ‘an dlí ceannairce a thabhairt chun rialtachta ina réimse dlíthiúil chun mionchionta cainte a phionósú’[35].

Cuireadh cionta ceannairce i leith beirt iar-eagarthóirí de chuig an tsoláthraí nuachta díscaoilte *Stand News*, mar aon le *Best Pencil*, máthairchuideachta *Stand News*. Rialaigh an chúirt go raibh triail chothrom indéanta cé gur theip ar na hionchúisitheoirí an fhianaise uile a bailíodh le linn an imscrúdaithe a thabhairt ar láimh[36].

[29] https://hk.usconsulate.gov/n-2022020801/
[30] https://www.thestandard.com.hk/section-news/section/4/244475/Four-civil-servants-held-for-social-media-'sedition'
[31] https://www.scmp.com/news/hong-kong/law-and-crime/article/3183395/taiwanese-drinks-shop-owners-jailed-7-months-over
[32] https://legalref.judiciary.hk/doc/judg/html/vetted/other/ch/2022/DCCC000354A_2022_files/DCCC000354A_2022ES.htm
[33] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=147148&QS=%2B%7C%28DCCC854%2F2021%29&TP=RS
[34] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=147148&QS=%2B%7C%28DCCC854%2F2021%29&TP=RS
[35] https://www.hrw.org/news/2022/09/07/hong-kong-childrens-book-authors-convicted-0
[36] https://hongkongfp.com/2022/12/22/hong-kong-court-rejects-bid-by-former-stand-news-editors-to-terminate-trial/

## LGBTIQ+

Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc d'iarratas ó ghníomhaí **LGBTIQ**+ maidir le haitheantas a thabhairt do phósadh comhghnéis atá cláraithe thar lear[37]. Dúirt an chúirt dá dtabharfaí aitheantas dó 'gur léir go dtiocfadh sé sin salach ar dhréachtóirí an Bhundlí.' Tá an cás os comhair na Cúirte Achomhairc Dheiridh[38].

Thug an chúirt cead freisin do bheirt fhear trasinscneacha achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc Dheiridh maidir le beartas rialtais nár cheadaigh ach do dhuine trasinscneach an inscne a athrú ar a ndoiciméad aitheantais i ndiaidh dó nó di máinliacht iomlán um dhaingniú inscne a chur i gcrích[39]. Rialaigh an Chúirt Achomhairc roimhe sin i gcoinne an dá iarratasóir[40].

Chuir ógánach ar a raibh diosfóiria inscne gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chomhionannas Deiseanna i mí Iúil, inar dearbhaíodh go raibh an toirmeasc i scoileanna ar bhuachaillí ar a bhfuil gruaig fhada idirdhealaitheach agus gur sháraigh sé an Reacht um Idirdhealú Gnéis[41]. I mí Mheán Fómhair, d'eagraigh an Coimisiún um Chomhionannas Deiseanna idirghabháil idir an déagóir agus an scoil.

Mar gheall ar shrianta taistil agus sóisialta COVID-19, shocraigh eagraithe na gCluichí do Dhaoine Aeracha na cluichí a chomhóstáil le Meicsiceo in 2023 mar gur cuireadh an t-imeacht ar athló in 2022. Níorbh fhéidir an t-imeacht Pride a eagrú don tríú bliain as a chéile.

## Oibrithe baile eachtracha

Bhí tionchar ag srianta paindéime ar oibrithe tí, agus tháinig méadú ar an idirdhealú. Tuairiscíodh cásanna nach raibh cead ag cúntóirí baile tithe fostóirí a fhágáil le linn tonnta paindéime[42] agus cásanna nach raibh cead ag cúntóirí

[37] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=146704&QS=%2B%7C%28CACV557%2F2020%29&TP=JU
[38] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=148605&QS=%2B%7C%28CACV557%2F2020%29&TP=JU
[39] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/search/search_result_detail_frame.jsp?DIS=144139&QS=%2B%7C%28CACV183%2F2019%29&TP=JU
[40] https://legalref.judiciary.hk/lrs/common/ju/ju_frame.jsp?DIS=142010&currpage=T
[41] https://www.scmp.com/news/hong-kong/society/article/3185931/hong-kong-teen-challenging-school-policy-long-hair-boys
[42] https://theinitium.com/article/20220225-hongkong-domestic-workers-who-caught-the-covid19-virus/

filleadh ar thithe a bhfostóirí ar eagla go ndéanfadh siad iad a éilliú[43]. Go ginearálta, tá cásanna maidir le mí-úsáid oibrithe tí fós á dtuairisciú.

I mí Mheán Fómhair, mhéadaigh na húdaráis pá cúntóirí baile[44], pá a bhí reoite ar feadh 2 bhliain. Chuir siad bearta i bhfeidhm freisin chun nach n-athródh oibrithe baile ó fhostóir amháin go ceann eile ionas nach bhféadfaidís 'leas a bhaint' as an nganntanas oibrithe de bharr na ndeacrachtaí maidir le dul isteach i Hong Cong mar gheall ar shrianta paindéime. Ní fhéadfadh oibrithe tí cuairt a thabhairt ar a dteaghlaigh thar lear faoi na srianta agus bhí orthu dul faoi bhearta coraintín ar leith agus iad ag dul isteach sa chríoch. Níor cuireadh oibrithe tí san áireamh sna scéimeanna bónais a dhear an rialtas chun tacú leis an ngeilleagar.

### Gáinneáil ar dhaoine

I mí Iúil, chuir na Stáit Aontaithe Hong Cong ar Liosta Faire Leibhéal 2 don tríú bliain as a chéile. Dúirt na Stáit Aontaithe nár chomhlíon Hong Cong na híoschaighdeáin maidir le deireadh a chur le gáinneáil cé go raibh 'iarrachtaí suntasacha' á ndéanamh aige. D'iarr na Stáit Aontaithe go ndéanfaí reachtaíocht a achtú chun gach cineál gáinneála a choiriúlú go hiomlán.

I mí na Nollag, rinne an rialtas an beartas maidir le héilitheoirí non-refoulement níos doichte[45]. Féadfaidh an Roinn Inimirce éilitheoirí atá ag fanacht le breitheanna cúirte a dhíchur a luaithe a dhéanfaidh an chúirt a n-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dhíbhe. Meastar go bhféadfaí 1,200 duine a bhaint láithreach. B'oth le dlíodóirí um chearta an duine an easpa comhairliúcháin le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le grúpaí sochaí sibhialta, le hacadóirí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe Hong Cong, agus le gairm an dlí.

## II. Forbairtí eacnamaíocha

Is geilleagar an-oscailte é Hong Cong (tá an trádáil in earraí os cionn 300 % den OTI). Is é an cúigiú geilleagar trádála is mó ar domhan (2021)[46] agus an tríú

[43] https://www.scmp.com/yp/discover/news/hong-kong/article/3177657/no-home-away-home-domestic-workers-terminated-after
[44] https://www.info.gov.hk/gia/general/202209/30/P2022093000326.htm?fontSize=1
[45] https://www.scmp.com/news/hong-kong/law-and-crime/article/3202303/new-get-tough-policy-refugee-appeals-against-deportation-orders-comes-force-hong-kong
[46] *Athbhreithniú Staidrimh Trádála Domhanda 2022*, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, , https://www.wto.org/english/res_e/publications_e/wtsr_2022_e.htm.

ceann scríbe ar domhan le haghaidh sreafaí infheistíochta (2021). Is é an seachtú foinse infheistíochta is mó ar domhan é[47].

Bhí údarás neamhspleách á fheidhmiú ag Hong Cong fós trí chomhaontuithe tráchtála a chur chun feidhme, trí bheartas airgeadaíochta a leagan síos go neamhspleách ar mhórthír na Síne agus trí bheith páirteach as féin in go leor eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhlachtaí iltaobhacha. Áirítear ar na heagraíochtaí sin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Ba dhlínse dhlíthiúil ar leithligh ó mhórthír na Síne é Hong Cong fós, go háirithe maidir le beartas eacnamaíoch. Choinnigh sé airgeadra ar leith saor ó shrianta caipitil, chomh maith le struchtúir rialála ar leith chun maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí a oibríonn sa chríoch. Bhí tallann agus cuideachtaí a thabhairt ar ais go Hong Cong agus comhtháthú eacnamaíoch le mórthír na Síne a neartú ina bpríomhthosaíochtaí ag an rialtas.

Ó thaobh airgeadas de, tá Hong Cong fós ar cheann de na margaí caipitil is mó ar domhan agus tá sé fós nasctha le margadh airgeadais na Síne.

Ba é Hong Cong an tríú **ceann scríbe infheistíochta ba mhó ar domhan** maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach in 2021 de réir Thuarascáil Infheistíochta Domhanda 2022 ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil agus Forbairt (mí an Mheithimh)[48]. Laghdaigh cuideachtaí eachtracha a láithreacht, áfach, agus d'fhág tallann eachtrach agus áitiúil, mar gheall ar shrianta COVID-19 den chuid ba mhó. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú 121, 500 ar an daonra – nó 1.6 % bliain ar bhliain  – ó mhí an Mheithimh 2022 (95, 000 duine mar gheall ar ghlan-eis-sreabhadh cónaitheoirí, agus 26, 500 duine mar gheall ar líon na mbásanna a sháraigh líon na mbreitheanna)[49].

**Tharla cúlú eacnamaíoch ar gheilleagar Hong Cong in 2022.** I ndiaidh fás 6.3 % in 2021, tháinig laghdú 3.3 % air bliain ar bhliain sna chéad 9 mí in 2022[50]. Bhí roinnt dúshlán le sárú ag an tionscail airgeadais agus ag an tionscail trádála agus lóistíochta a d'éirigh go maith leo in 2021 le linn na bliana. Ina theannta sin, lean tionscail a bhí ag brath ar an turasóireacht ag tearcfheidhmiú

[47] *Tuarascáil Infheistíochta Domhanda 2022*, Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil agus Forbairt, https://unctad.org/publication/world-investment-report-2022.
[48] *Tuarascáil Infheistíochta Domhanda 2022 a dhéanann faireachán ar threochtaí infheistíochta domhanda agus réigiúnacha agus ar fhorbairt beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta*, Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil agus Forbairt, an 9 Meitheamh 2022, le fáil ag: https://unctad.org/webflyer/world-investment-report-2022.
[49] Preaseisiúint: *Mid-year population for 2022* [Daonra lár na bliana le haghaidh 2022], an 11 Lúnasa 2022, Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag: https://www.censtatd.gov.hk/en/press_release_detail.html?id=5078.
[50] *Réamh-mheastacháin ar an Olltáirgeacht Intíre le haghaidh an tríú ráithe de 2022*, Samhain 2022, Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong..

mar gheall ar an easpa turasóirí. Tá geilleagar Hong Cong l**e filleadh ar a leibhéal 2018 fós** (roimh an bpaindéim agus roimh agóidí 2019).

**Bhí an boilsciú fós measarta,** agus méadú bliantúil 1.9 % ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí sna chéad 10 mí den bhliain[51].

**Bhí an margadh saothair cobhsaí.** Shroic an dífhostaíocht buaicphointe ag 5.4 % i mí Aibreáin sular laghdaigh sé de réir a chéile go 3.8 % i mí Dheireadh Fómhair 2022 (níos gaire don fhigiúr 3.9 % a taifeadadh ag tús na bliana)[52]. Ba é 4.5 % an meán sna chéad 10 mí de 2022. B'fheabhas é sin i gcomparáid le 5.2 % in 2021 ach os cionn an raoin 3 % roimh ghéarchéim COVID-19.

Chrap an **earnáil trádála agus lóistíochta**. Baineann an earnáil sin le thart ar 20 % de OTI Hong Cong agus chuir sí leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021. Tháinig laghdú 6.9 % in aghaidh na bliana ar an OTI ón tionscal allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin sa chéad leath de 2022. Tharla sé sin toisc gur tháinig laghdú 4.0 % bliain ar bhliain ar luach thrádáil sheachtrach earraí Hong Cong go HKD 7,97 trilliún (EUR 984 billiún)[53] sna chéad 10 mí. Tháinig meath ar an staid le linn na bliana, agus tháinig laghdú 11.1-% bliain ar bhliain ar an trádáil sheachtrach i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí Iúil go mí Dheireadh Fómhair.

**Tháinig moill shuntasach ar an tionscal airgeadais** (23 % de OTI Hong Cong) – an príomhspreagthach fáis le blianta beaga anuas – sa chéad leath de 2022 agus níor fhás sé ach 0.8 % bliain ar bhliain[54].

**Tháinig laghdú ar líon na dtairiscintí tosaigh don phobal (TTPanna)** go 69 sna chéad 11 mhí ó 83 sa tréimhse chéanna in 2021, agus tháinig laghdú 70.6 % ar an méid a tiomsaíodh ó TTPanna go HKD 87.8 billiún (EUR 10.8 billiún). In 2021, bhí an chathair ar an gceathrú mol ba mhó ar domhan le haghaidh TTPanna, i ndiaidh di a bheith sa dara háit in 2020 agus sa chéad áit in 2019.

Ó thús na bliana, chaill **Innéacs Hong Cong Hang Seng** 15.8 % dá luach (amhail an 13 Nollaig), agus **tháinig laghdú** 21.4 % ar chaipitliú margaidh ar Stocmhalartán Hong Cong go HKD 33.3 trilliún (EUR 4.1 trilliún). Ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2022, ba é Hong Cong an seachtú stocmhargadh ba mhó ar

[51] Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, https://www.censtatd.gov.hk/en/scode270.html #section3.

[52] Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, https://www.censtatd.gov.hk/en/scode200.html#section3.

[53] Ráta malairte ó mhí na Nollag 2022 de 1 EUR = HKD 8.0965.

[54] Chain volume measures of°GDP by economic activity°- in chained (2019) dollars [Tomhais mhéideanna slabhra OTI de réir na gníomhaíochta eacnamaíche - i ndollair shlabhraithe (2019)], Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Sainréigiún Riaracháin Hong Cong, https://www.censtatd.gov.hk/en/web_table.html?id=310-34501.

domhan agus ba é an ceathrú stocmhargadh ba mhó san Áise de réir an chaipitlithe mhargaidh agus ba é an mol gnó renminbi eischósta ba mhó freisin. Tháinig laghdú 27.7--% bliain ar bhliain ar mheánláimhdeachas an mhargaidh laethúil go HKD 124 billiún (EUR 15.3 billiún) sna chéad 11 mhí[55].

Bhí an laghdú ar an gcaipitliú margaidh agus na TTPanna mar gheall ar mheascán dúshlán domhanda agus réigiúnach. Áirítear orthu sin: (i) méadú ar an nboilsciú agus beartais airgeadaíochta a dhéanamh níos doichte; (ii) lagú an gheilleagair dhomhanda agus teannas geopholaitiúil; (iii) agus imní faoi gheilleagar na Síne agus faoin 'mbeartas dinimiciúil maidir le COVID nialasach', go háirithe toisc go bhfuil an chuid is mó de chaipitliú stocmhargadh Hong Cong ag cuideachtaí mórthír na Síne.

**Bhí na tionscail a bhí ag brath ar chaiteachas turasóirí** (miondíol, bia agus dí, iompar, taisteal, fáilteachas) fós ag tearcfheidhmiú toisc nár tháinig méadú suntasach ar shreafaí turasóirí mar thoradh ar mhaolú na srianta taistil i dtreo dheireadh na bliana. Sna chéad 10 mí de 2022, níor tháinig ach 330, 223 tuarasóir go Hong Cong[56], níos lú ná 1 % de na 65 mhilliún cuairteoir in 2018 (arbh dhaoine as mórthír na Síne iad 78 % acu, arbh ionann é sin agus thart ar 40 % de dhíolacháin mhiondíola na cathrach). Sa chéad leath de 2022, tháinig laghdú 16.7 % agus 7.1 % bliain **ar bhliain faoi seach ar an OTI ó thionscail na cóiríochta agus na seirbhísí** bia agus ó **dhíolacháin mhórdhíola agus mhiondíola**. Ní raibh i gceist leis an ranníocaíocht le OTI ach 46 % agus 41 % den leibhéal a chonacthas sa chéad leath de 2018, faoi seach. Sna chéad 10 mí de 2022, tháinig laghdú 0.7 % bliain ar bhliain ar dhíolacháin mhiondíola go HKD 286.8 billiún (EUR 35.4 billiún). Sna chéad 9 mí, tháinig laghdú 9.2 % bliain ar bhliain ar fháltais bialann go HKD 61.3 billiún (EUR 7.6 billiún). Bhí an dá cheann thart ar 30 % níos lú ná an leibhéal a taifeadadh in 2018. Ba é 65 % an ráta áitíochta seomraí óstáin (i gcomparáid le 61 % in 2021 agus 91 % in 2018) mar gheall ar choraintín éigeantach.

Mar an gcéanna, bhí timpeallacht dhúshlánach le sárú ag **tionscal na heitlíochta** agus ag tionscail ghaolmhara. Tháinig laghdú 5.3 % bliain ar bhliain ar líon na n-eitiltí ag Aerfort Idirnáisiúnta Hong Cong sna chéad 10 mí go dtí 30 % den leibhéal a breathnaíodh in 2018. Mhéadaigh líon na bpaisinéirí go 3 mhilliún (ó 1 mhilliún sna chéad 10 mí in 2021), ach ní raibh i gceist leis sin ach

[55] Tuarascáil an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. *Detailed Assessment of Observance on Principles for Financial market Infrastructures for the People's Republic of China–Hong Kong Special Administrative* Regio [Measúnú Mionsonraithe ar Urramú Prionsabail um Bonneagair an mhargaidh airgeadais le haghaidh Dhaon- Phoblacht na Síne–Sainréigiún Riaracháin Hong Cong], Tuarascáil Tíre Uimh. 21/122, an 15 Meitheamh 2021, le fáil ag: https://www.imf.org/en/Publications/CR/Issues/2021/06/15/Peoples-Republic-of-ChinaHong-Kong-Special-Administrative-Region-Financial-Sector-460761.

[56] Visitor arrivals to Hong Kon [Teacht cuairteoirí go Hong Cong], Bord Turasóireachta Hong Cong, le fáil ag: https://partnernet.hktb.com/en/research_statistics/latest_statistics/index.html.

5 % den 61.8 milliún paisinéir a taifeadadh in 2018. Tháinig laghdú 14 % bliain ar bhliain ar an méid lasta aeir sa tréimhse go 84 % den leibhéal in 2018. Cé gur cuireadh deireadh leis an sásra fionraí eitilte níos déanaí in 2022, mar gheall ar na srianta a bhí i bhfeidhm don aerchriú ba dheacair líon na n-eitiltí a mhéadú.

Tháinig méadú 5.3 % ar an OTI sa **tionscal tógála** sa chéad leath den bhliain, ach tháinig laghdú 6.8 % ar **ghníomhaíochtaí eastáit réadaigh** sa tréimhse chéanna. Tháinig laghdú ar phraghsanna réadmhaoine agus ar chíosanna sna chéad 9 mí, ach bhí Hong Cong ar cheann de na cathracha is costasaí ar domhan fós[57].

**Rinne Údarás Airgeadaíochta Hong Cong** (HKMA) idirghabháil cúpla uair chun tacú le dollar Hong Cong nuair a bhí na rátaí úis ag ardú sna Stáit Aontaithe agus dollar na Stát Aontaithe á luachmhéadú . Ba é an aidhm a áirithiú nach dtitfeadh ráta malairte an airgeadra faoi bhun an íosráta HKD 7.85 den HKD 7.75-7.85 go banda USD 1 faoi Chóras Ráta Malairte Nasctha an tSainréigiúin Riaracháin. Le linn 2022, mhéadaigh an HKMA bunráta Hong Cong, ó 0.50 % ag tús na bliana go 4.25 % (ag deireadh mhí na Samhna). D'úsáid HKMA sócmhainní cúlchiste airgeadra eachtraigh an tSainréigiúin Riaracháin freisin, a laghdaigh ó USD 497 billiún ag tús na bliana go USD 423 billiún ag deireadh mhí na Samhna.

**An timpeallacht ghnó**

Ba iad beartais COVID-19 ba mhó a bhí ag cur imní ar an bpobal gnó le linn na bliana. Bhí tionchar diúltach ag **forbairtí polaitiúla** ar an meon gnó freisin. Áiríodh leis na forbairtí sin rioscaí do shaoirse faisnéise, cur chun feidhme an Dlí Slándála Náisiúnta, príobháideacht sonraí agus smachtbhannaí.

**Bhí an pobal gnó i bhfách treochláir chun srianta COVID-19 a thógáil go hiomlán.** Bhí na srianta, lena n-áirítear tástáil éigeantach agus an baol go gcaithfí dul ar coraintín i gcás go bhfaighfí toradh dearfach ar thástáil, fós ina mbac ar thallann agus ar thurasóirí a thabhairt ar ais. Le hathoscailt pháirteach laghdaíodh iomaíochas Hong Cong mar áit chun ceanncheathrú réigiúnach a lonnú inti. Rinneadh an cás ní ba mheasa arís leis na srianta ar mhórthír na Síne (lena n-áirítear riachtanais maidir le coraintín le haghaidh daoine ag teacht isteach ó Hong Cong), rud a chuaigh i bhfeidhm ar ról Hong Cong mar

[57] De réir an staidéir *Worldwide Cost of Living 2022 [An Costas Maireachtála ar fud an Domhain]* arna dhéanamh ag The Economist atá le fáil ag: https://www.economist.com/graphic-detail/2022/11/30/the-worlds-most-and-least-expensive-cities.

thairseach ghnó. D'ainneoin gur maolaíodh na bearta coraintín i mí Mheán Fómhair, ní raibh i líon na gcuairteoirí a tháinig isteach ach 2.5 % de na leibhéil roimh COVID (Deireadh Fómhair 2019), rud a chuir bac ar théarnamh iomlán.

Léiríodh i suirbhé bliantúil ar chuideachtaí eachtracha i Hong Cong[58], an 1 Meitheamh 2022, go raibh laghdú fós ag teacht ar an **líon cuideachtaí eachtracha** (gan cuideachtaí ar mhórthír na Síne a áireamh), laghdú faoi 5.2 % i gcomparáid le Meitheamh 2019 (na leibhéil roimh COVID) agus faoi 1.5 % i gcomparáid le mí an Mheithimh 2021. Tháinig laghdú níos suntasaí ar líon na gceanncheathrúna réigiúnacha eachtracha (laghdú 12.5 % ó mhí an Mheithimh 2019 agus 3.7 % ó mhí an Mheithimh 2021). Deimhníodh leis na figiúirí sin fianaise starógach go raibh cuideachtaí ag laghdú a ngníomhaíochtaí nó go raibh siad ag aistriú acu go cathracha eile. Cé gur tháinig laghdú ar an líon cuideachtaí eachtracha nach de thionscnamh na Síne iad de réir an tsuirbhé, tháinig méadú 17.5 % ar an líon cuideachtaí de chuid mhórthír na Síne ó mhí an Mheithimh 2019.

Le 2 bhliain anuas, tháinig laghdú 140,000 ar an **bhfórsa saothair áitiúil** (amhail Deireadh Fómhair 2022)[59] mar gheall ar mheascán d'imirce agus d'fhostaithe eachtracha a d'fhág an chathair.

Ina **aitheasc beartais** bliantúil an 19 Deireadh Fómhair 2022, mhol an Príomhfheidhmeannach John Lee beartais chun tacú leis an ngeilleagar agus é a fhorbairt. Chun leanúint le Hong Cong a fhorbairt mar mhol nuálaíochta agus teicneolaíochta (N&T), d'fhógair John Lee an sprioc HKD 10 mbilliún (EUR 1.2 billiún) d'infheistíocht in N&T a mhealladh laistigh de 5 bliana. Leathnófar bonneagar N&T an tSainréigiúin Riaracháin, agus leithdháilfear HKD 10 mbilliún (EUR 1.2 billiún) chun tacú le tráchtálú taighde agus forbartha ag ollscoileanna Hong Cong. Spreagfar monarú ardluacha freisin. Tacófar le staid Hong Cong mar mhol trádála agus lóistíochta trí dhíriú ar sheirbhísí agus ar lóistíocht mhuirí ardluacha, iompar idirmhódúil agus sreafaí talún agus trasteorann leis an mórthír a éascú. Cuíchóireofar oibríochtaí ag an aerfort, áit inar osclaíodh an tríú rúidbhealach i rith na bliana. Maidir le hiomaíochas Hong Cong mar ionad airgeadais, áiríodh leis na bearta a fógraíodh feabhas a chur ar an gcuid ó dheas de scéim Bond Connect[60], ról Hong Cong mar mhol gnó yuan na Síne is mó ar domhan a neartú, agus tacú leis na tionscail

---

[58] *Report on 2022 Annual Survey of Companies in Hong Kong with Parent Companies Located outside Hong Kong [Tuarascáil maidir le Suirbhé Bliantúil na gCuideachtaí i Hong Cong a bhfuil Máthairchuideachtaí acu atá Suite lasmuigh de Hong Cong]*, Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, https://www.censtatd.gov.hk/en/EIndexbySubject.html?pcode=B1110004&scode=360.

[59] Seoladh Beartais 2022 an Phríomhfheidhmeannaigh, Deireadh Fómhair 2022, le fáil ag: https://www.policyaddress.gov.hk/2022/en/policy.html.

[60] Le 'Bond Connect' (mar atá le roinnt scéimeanna ceangail eile) is féidir le hinfheisteoirí trádáil i margadh bannaí mhórthír na Síne trí Hong Cong (ó thuaidh) agu is féidir le hinfheisteoirí mhórthír na Síne trádáil i Hong Cong (ó dheas).

árachais agus bainistíochta sócmhainní agus rachmais (lena n-áirítear tarscaoileadh cánach chun níos mó oifigí teaghlaigh a mhealladh go Hong Cong). Áirítear ar na tosaíochtaí eile Hong Cong a fhorbairt mar lárionaid maoine intleachtúla agus eadrána tráchtála.

Cuideoidh Ardchathair an Tuaiscirt, crios forbartha ina mbeidh ceantair chónaithe agus ionad T&F, atá suite ar an teorainn le mórthír na Síne, le Hong Cong a chomhtháthú le cathair Shenzhen agus le Mórcheantar an Chuain (GBA). Tá tús curtha le hoibreacha bonneagair d'**Ardchathair an Tuaiscirt**. Cuimseofar sa chomharsanacht nua an chéad 'chrios rochtana dúbailte' idir mórthír na Síne agus Hong Cong. Cuideoidh sé sin le lárionad eacnamaíoch agus riaracháin na cathrach a bhogadh ó thuaidh, agus díreofar an taobh theas den chathair ar ghníomhaíochtaí turasóireachta agus fóillíochta. Tá sé tugtha faoi deara ag eagraíochtaí comhshaoil go bhféadfadh an fhorbairt dul i bhfeidhm ar anaclanna dúlra agus ar pháirceanna caomhnaithe bogach atá tábhachtach chun tionchar an athraithe aeráide a mhaolú.

Maidir le **hairgeadas glas**, d'eisigh Hong Cong bannaí glasa breise le linn na bliana faoi chlár bannaí glasa an rialtais a seoladh in 2018. Is é an sprioc an margadh áitiúil bannaí glasa a chur chun cinn agus cuspóir na cathrach um neodracht carbóin á chur chun cinn. Ina theannta sin, sheol an stocmhalartán ardán trádála carbóin deonach.

An 31 Deireadh Fómhair, chuir Hong Cong straitéis i láthair maidir le **sócmhainní fíorúla**[61], rud a bhféachtar air go forleathan mar ghluaiseacht i dtreo seasamh níos fabhraí maidir le sócmhainní fíorúla agus criptea-airgeadraí. Cuireadh córas ceadúnaithe do sholáthraithe seirbhísí sócmhainne fíorúla i bhfeidhm, éascófar idirbhearta miondíola, agus spreagfar malartuithe sócmhainne fíorúla chun láithreacht a bhunú i Hong Cong.

### Tacaíocht ón rialtas agus an staid fhioscach

**Bhíothas ag súil go mbeadh easnamh fioscach don bhliain airgeadais 2022-2023** (ag críochnú i mí an Mhárta 2023) taifeadta ag Hong Cong mar gheall ar chaiteachas méadaithe agus ar gheilleagar lag. I mbuiséad 2022-2023, rinneadh níos mó ná HKD 170 billiún (EUR 21 bhilliún) a bhuiséadú le haghaidh beart maidir le COVID-19[62], amhail saoráidí leithlisithe a thógáil, iarrachtaí an phaindéim a choinneáil faoi smacht, agus tacaíocht airgeadais do chónaitheoirí

---

[61] Ráiteas beartais: *Development of Virtual Assets in Hong Kong* [Forbairt Sócmhainní Fíorúla i Hong Cong], Seirbhísí Airgeadais agus Biúró an Chisteáin, Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag: https://www.info.gov.hk/gia/general/202210/31/P2022103000454.htm.

[62] Buiséad 2022-2023, Óráid ón Rúnaí Airgeadais, an tOnórach Paul MP Chan, https://www.budget.gov.hk/2022/eng/index.html

agus do chuideachtaí. Fógraíodh an buiséad ag súil go bhfásfadh an geilleagar 2 % go 3.5 % in 2022 in ionad an chraptha a tharla i ndáiríre.

I mí Mheán Fómhair, thug an Rúnaí Airgeadais rabhadh go bhféadfadh sé go sroicheadh an t-easnamh poiblí HKD 100 billiún (EUR 12.4 billiún) don bhliain airgeadais iomlán. Ba é sin an tríú heasnamh i 4 bliana i ndiaidh easnaimh HKD 17 mbilliún in 2019-2020 agus HKD 252 billiún in 2020-2021 agus barrachas HKD 255 mhilliún in 2021-2022[63]. Tá sé sin neamhghnách do gheilleagar atá cleachta le barrachas fioscach (ba é an t-easnamh in 2019-2020 an chéad easnamh le 15 bliana anuas).

**Maoiníodh na heasnaimh go príomha trí leas a bhaint as cúlchistí fioscacha móra Hong Cong.** B'ionann na cúlchistí fioscacha agus HKD 681 bhilliún (EUR 84.1 billiún) i mí Dheireadh Fómhair, laghdú 16.5 % bliain ar bhliain agus 35.2 % ó HKD 1 trilliún i mí Dheireadh Fómhair 2019. Is ionann na cúlchistí agus tréimhse mheasta 12 mhí de chaiteachas, i gcomparáid le 24 mhí roimh COVID-19.

**Beartas tráchtála**

D'fhógair an rialtas seoladh foirmiúil na caibidlíochta maidir le comhaontú saorthrádála le Peiriú i mí na Samhna[64]. Clúdaíodh sa chéad bhabhta caibidlíochta trádáil in earraí, seirbhísí, infheistíocht, tráchtáil leictreonach, agus cuideachtaí beaga agus meánmhéide. In 2021, ba é Peiriú an cúigiú comhpháirtí trádála earraí ba mhó de chuid Hong Cong i Meiriceá Laidineach. Tá Peiriú ina bhall de Chomhghuaillíocht an Aigéin Chiúin freisin, a raibh Hong Cong ag iniúchadh tús na caibidlíochta maidir le comhaontuithe saorthrádála leis.

Le linn na bliana, bhí Hong Cong fós ag féachaint le haontú leis an gComhpháirtíocht Eacnamaíoch Cuimsitheach Réigiúnach trí thacaíocht óna chomhaltaí.

Go dtí seo, shínigh Hong Cong ocht comhaontú shaorthrádála. Tá na comhaontuithe sin le mórthír na Síne (Meitheamh 2003), leis an Nua-Shéalainn (Márta 2010), le Ballstáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (Meitheamh 2011), leis an tSile (Meán Fómhair 2012), le Macao (Deireadh Fómhair 2017), le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (Samhain 2017, arna cur i

[63] Monthly Financial Results [Torthaí Airgeadais Míosúla], An Státchiste, Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag
https://www.try.gov.hk/internet/ehpubl_acco_monfinancial.html.
[64] Preaseisiúint Rialtas Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag:
https://www.info.gov.hk/gia/general/202211/16/P2022111600587.htm?fontSize=1.

bhfeidhm go hiomlán i mí Feabhra 2021), leis an tSeoirsia (Meitheamh 2018) agus leis an Astráil (Márta 2019).

**Comhtháthú eacnamaíoch laistigh de mhórthír na Síne**

In 2022, bhí tionchar na paindéime fós ag cur isteach ar fhorbairt Mhórcheantar an Chuain. De réir phlean forbartha imlíneach Mhórcheantar an Chuain[65] a d'eisigh an Chomhairle Stáit in 2019, ba é 2022 an chéad gharsprioc le haghaidh struchtúr tionsclaíoch barrfheabhsaithe agus forbairt chomhordaithe, lena mbaineann deighilt réasúnta saothair, agus táirgeadh ísealcharbóin agus stíl mhaireachtála ísealcharbóin.

Athdhearbhaíodh i **14ú plean cúig bliana** náisiúnta na Síne, a eisíodh i mí an Mhárta 2021, cuspóirí Mhórcheantar an Chuain agus ról Hong Cong. Tá Hong Cong chun a ról mar ionad airgeadais idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus rochtain fhrithpháirteach idir margaí airgeadais mhórthír na Síne agus Hong Cong a neartú. Leis an bplean cúig bliana tugadh sainordú breise do Hong Cong é féin a fhorbairt mar lárionad trádála, T&F agus iompair, lena n-áirítear nascacht bonneagair le Mórcheantar an Chuain. Tá seirbhísí idirnáisiúnta dlí agus réitigh díospóidí agus trádáil maoine intleachtúla le forbairt freisin. Tá sé mar aidhm ag an Sainréigiún Riaracháin caipiteal agus tallann a thabhairt chuig Mórcheantar an Chuain.

I mí an Mheithimh 2022, d'fhógair Limistéar Comhair Thionscal na Seirbhísí Nua-Aimseartha de chuid **Qianhai** Shenzhen-Hong Cong (in Shenzhen) naoi mbeart um éascú a bhaineann le Hong Cong lena gcumhdaítear réimsí amhail nuálaíocht agus fiontraíocht na hóige, forbairt teicneolaíochta, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí agus seirbhísí leighis.
Áirítear iad seo a leanas le bearta eile de chuid Mhórcheantar an Chuain in aitheasc beartais an Phríomhfheidhmeannaigh: (1) tacaíocht a neartú do chuideachtaí i Hong Cong atá ag dul i méid i Mórcheantar an Chuain; (2) feabhas a chur ar chomhtháthú iompair idirmhódúil agus ar nascacht aerfort Hong Cong le Mórcheantar an Chuain (lena n-áirítear saoráidí aistrithe dhírigh); (3) cóineasú cleachtas dlí agus idirghabhála a spreagadh; agus (4) úsáid níos mó a bhaint as drugaí agus feistí leighis atá cláraithe i Hong Cong i Mórcheantar an Chuain (faoi bhearta um éascú a cuireadh chun feidhme in 2021).

Tá Hong Cong ag iarraidh freisin a cheadú do chuideachtaí árachais seirbhísí iar-dhíola árachais a sholáthar i gcathracha Mhórcheantar an Chuain. Is é is

[65] *Outline Development Plan for the Guangdong-Hong Kong-Macao Greater Bay Area* [Plean Forbartha Imlíneach do Mhórcheantar an Chuain, Guangdong- Hong Cong- Macao (Aistriúchán Cúirtéise), ar fáil ag: https://www.bayarea.gov.hk/en/outline/plan.html.

aidhm leis sin seirbhísí tacaíochta a sholáthar do chónaitheoirí Mhórcheantar an Chuain a bhfuil polasaithe árachais de chuid Hong Cong acu agus rochtain fhrithpháirteach ar mhargaí árachais a fhorbairt.

## III. An caidreamh idir Hong Cong agus mórthír na Síne

Thug Ard-Rúnaí Pháirtí Cumannach na Síne agus **Uachtarán na Síne Xi Jinping cuairt ar Hong Cong ón 30 Meitheamh go dtí an 1** Iúil le haghaidh chomóradh 25 bliain an aistrithe. Ba é sin a chéad chuairt ar Hong Cong ó 2017 agus a chéad chuairt lasmuigh de mhórthír na Síne ó tharla ráig COVID-19 in 2020. Thionóil Xi Jinping an searmanas tionscnaimh do rialtas séú téarma Hong Cong agus chuir sé an Príomhfheidhmeannach John Lee faoi mhionn.

Ar an ócáid sin, thug Xi Jinping óráid inar dhearbhaigh sé gur fhreastalaíonn an prionsabal 'tír amháin, dhá chóras' ní amháin ar leasanna bunúsacha Hong Cong, ach ar an tír ar fad freisin. Rinne sé achoimre ar na ceachtanna le 25 bliana anuas agus chuir sé i dtábhacht a thábhachtaí atá sé an prionsabal 'tír amháin, dhá chóras' a chur chun feidhme go hiomlán agus go dílis. Áirítear leis sin seasamh le dlínse fhoriomlán an rialtais láir, ardleibhéal neamhspleáchais Hong Cong a áirithiú, a áirithiú gurb iad tírghráthóirí a riarfaidh Hong Cong, agus stádas agus buntáistí sainiúla Hong Cong a choinneáil.

Chomh maith leis sin, chuir Xi Jinping 'ceithre thogra' ar aghaidh don riarachán agus don tsochaí nua: feabhas a chur ar rialacha, leanúint le spreagadh láidir don fhás a chothú, aghaidh a thabhairt ar ábhair imní daoine, agus oibriú le chéile chun síocháin agus cobhsaíocht a chosaint. Bhuail sé le baill den reachtas, na breithiúna, an earnáil phríobháideach, agus ceannairí ó earnálacha éagsúla den tsochaí agus rinne sé iniúchadh ar gharastún an Airm Saortha Pobail.

Sna seachtainí i ndiaidh chuairt Xi Jinping, d'eagraigh eagraíochtaí rialtais agus eagraíochtaí a bhí ar son Bhéising seimineáir chun staidéar a dhéanamh ar óráid an 1 Iúil. Dháil an Biúró Oideachais cóipeanna den óráid ar scoileanna agus ar naíonraí.

Roimh Chomhdháil an Pháirtí Chumannaigh, rinneadh roinnt athruithe ar an bpearsanra i ngníomhaireachtaí rialtais láir atá i gceannas ar Hong Cong, lena n-áirítear i nGarastún Arm Saortha Pobail Hong Cong.

**Bhí srian fós ar an taisteal idir Hong Cong agus mórthír na Síne.** Chuir an Príomhfheidhmeannach John Lee a chéad chuairt ar chúige Guangdong ar ceal. B'éigean moill a chur ar chuairt thoscairí na Daon-Chomhdhála Náisiúnta ó Hong Cong go Xinjiang i mí Lúnasa de dheasca na paindéime.

Toghadh toscairí Hong Cong chuig Teachtaí na Daon-Chomhdhála Náisiúnta an 15 Nollaig. Leis na nósanna imeachta chun na toscairí a thoghadh, a ghlac an Daon-Chomhdháil Náisiúnta i mí an Mhárta 2022, cuireadh srian ar an gcoláiste toghcháin do bhaill na Síne den Choiste Toghcháin.

I mí Dheireadh Fómhair, d'aisghair an tSín sé oifigeach ónaconsalacht i gcathair Manchain sa Bhreatain i ndiaidh d'údaráis forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe a ndíolúine taidhleoireachta a tharscaoileadh mar gheall ar theagmhasa raibh baint ag agóideoirí Hong Cong thar lear leis[66].

Le linn **chéad chuairt an Phríomhfheidhmeannaigh John Lee** ar Bhéising idir an 21 Nollaig agus an 24 Nollaig, thug an tUachtarán Xi Jinping agus an Premier Li Keqiang moladh dó as a chuid oibre. Bhuail John Lee freisin le Li Qiang, an dara hoifigeach is airde i bPáirtí Cumannach na Síne.

**Ba é Mórthír na Síne an comhpháirtí trádála earraí ba mhó a bhí ag Hong Cong**, ar bhain 49 % de thrádáil iomlán Hong Cong leis le linn na chéad 10 mí de 2022. Dá réir sin, ba mhol trádála tábhachtach é Hong Cong do mhórthír na Síne agus bhí sé ar an gcúigiú comhpháirtí trádála ba mhó de chuid na Síne sna chéad 9 mí de 2022.

**Bhí cúige Guangdong fós ina phríomhbhonn próiseála amach do Hong Cong.** Ba é an Socrú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch Níos Dlúithe le Mórthír na Síne (2003) an comhaontú trádála ba shubstaintiúla a bhí ag Hong Cong. Ní dhearnadh aon leasú mór ar an gcomhaontú in 2022. Bhain thart 90 % de luach trádála iomlán ath-onnmhairithe Hong Cong (2021) le luach na n-earraí a ath-onnmhairíodh trí Hong Cong ó mhórthír na Síne agus chuici.

**Ba é Hong Cong príomh- lárionad airgeadais eischósta agus príomh- mhol infheistíochta mhórthír na Síne fós.** Ag deireadh 2021, ba í mórthír na Síne an fhoinse infheistíochta dírí eachtraí (FDI) isteach ba mhó a bhí ag Hong Cong, gan lárionaid eischósta a áireamh, agus ba í mórthír na Síne an chéad cheann scríbe le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach amach ó Hong Cong, arbh ionann iad sin agus 28 % agus 49 % de na stoic fhoriomlána faoi seach[67]. Dá réir sin, ba é Hong Cong an príomhcheann scríbe le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach na Síne agus ba phríomhfhoinse infheistíochta dírí eachtraí don mhórthír é – arbh ionann é sin agus níos mó ná leath den mhéid foriomlán

[66] https://www.thestandard.com.hk/section-news/section/47096428/248254/UK-row-ends-as-China-recalls-diplomats.

[67] S*tatistical report on External Direct Investment Statistics of Hong Kong [Tuarascáil staidrimh maidir le Staidreamh Seachtrach i leith Infheistíochtaí Díreacha Hong Cong]* (Eagrán 2021), 9 Nollaig 2022: atá le fáil ag: https://www.censtatd.gov.hk/en/EIndexbySubject.html?pcode=B1040003&scode=260.

sa dá threo. Bhí 1,395 chuideachta ar an mórthír a liostaíodh i Hong Cong, a raibh 77 % den chaipitliú margaidh iomlán i gceist leo.

Tá margaí caipitil Hong Cong agus mórthír na Síne ceangailte le chéile tríd an **scéim Stock Connect**, lena nasctar Stocmhalartán Hong Cong lena mhacasamhlacha in Shanghai agus in Shenzhen, agus trí Bond Connect, an scéim um chomhrochtain ar mhargaí le haghaidh margaí bannaí. Comhlánaíodh é sin i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a seoladh scéim Wealth Management Connect do Mhórcheantar an Chuain. A bhuí leis sin, is féidir le cónaitheoirí incháilithe ar mhórthír na Síne, Hong Cong agus Macao infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí bainistíochta rachmais arna ndáileadh ag bainc i margadh a chéile.

Neartaigh Hong Cong a chomhrochtain fhabhrach le margadh caipitil Mhórthír na Síne. Áiríodh cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETF) sa scéim Stock Connect, lenar féidir le hinfheisteoirí idirnáisiúnta ETFanna incháilithe a cheannach ar an mórthír agus lenar féidir le hinfheisteoirí ar an mórthír ETFanna incháilithe a cheannach i Hong Cong. Fógraíodh scéim Swap Connect freisin[68]. Éascófar léi rochtain fhrithpháirteach idir Hong Cong agus margaí babhtála rátaí úis idirbhainc mhórthír na Síne, rud a sholáthróidh uirlis bhreise infheistíochta agus bainistíochta riosca d'infheisteoirí i margadh bannaí na mórthíre. Seolfar an bealach ó thuaidh ar dtús, agus d'fhéadfadh an bealach ó dheas a sheoladh níos déanaí.

## IV. Caidreamh déthaobhach agus comhar idir an tAontas- Hong Cong

Bhí cosc fós á chur ar chuairteanna ardleibhéil ó ionadaithe institiúidí an Aontais mar gheall ar shrianta taistil COVID-19 . Don tríú bliain as a chéile, níor reáchtáladh **Idirphlé Struchtúrtha bliantúil an Aontais-Hong Cong**. Cuireann an tAontas tábhacht ar leith leis an idirphlé, maidir le saincheisteanna is ábhar imní agus maidir le réimsí comhleasa.

Ba é an **tAontas an pobal gnó eachtrach ba mhó fós**, agus é chun tosaigh ar an tSeapáin, na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe. Amhail ó mhí an Mheithimh 2022, bhí gnó bunaithe i Hong Cong ag 1,600 cuideachta den Aontas ar a laghad. Bhí an chathair á húsáid ag go leor acu (857) mar a gceanncheathrú réigiúnach. Bhí láithreacht ag gnólachtaí an Aontais i roinnt mhaith earnálacha, lena n- áirítear an earnáil seirbhísí airgeadais agus gnó, an earnáil trádála agus lóistíochta, an earnáil miondíola, an earnáil bia agus

[68] Fógairt Chomhpháirteach People's Bank of China, Choimisiún Urrús agus Todhchaíochtaí Hong Cong agus Údarás Airgeadaíochta Hong Cong, le fáil ag: https://www.hkma.gov.hk/eng/news-and-media/press-releases/2022/07/20220704-3.

deochanna, agus an earnáil tógála. Bunaithe ar an suirbhé bliantúil ar chuideachtaí eachtracha a rinne Roinn Dhaonáireamh agus Staidrimh Hong Cong[69], níor tháinig ach laghdú beag (-0.2 %) ar an líon cuideachtaí de chuid an Aontais óna leibhéal roimh COVID (Meitheamh 2019) go 1,600 cuideachta. Tugtar le fios leis sin go raibh cuideachtaí an Aontais níos athléimní ó thaobh forbairtí áitiúla de ná mar a bhí pobail ghnó eachtracha eile (tháinig laghdú 5.2 % ar an líon iomlán cuideachtaí eachtracha sa suirbhé). Cuideachtaí an Aontais a laghdaigh roinnt dá ngníomhaíochtaí agus/nó cuid dá líon ball foirne nó a rinne roinnt gníomhaíochtaí agus/nó baill foirne a athshocrú ach a d'fhan i Hong Cong, ní léirítear na cuideachtaí sin sa staidreamh sin, áfach.

Sna chéad 9 mí de 2022, b'ionann an trádáil dhéthaobhach in earraí agus EUR 22.1 billiún, suim atá comhréidh (-0.03 %) i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2021. B'ionann onnmhairí earraí ón Aontas go Hong Cong agus EUR 17.9 billiún, agus b'ionann allmhairí ó Hong Cong agus EUR 4.1 billiún, as ar tháinig barrachas EUR 13.8 billiún don Aontas[70]. **Ba é an tAontas an tríú comhpháirtí trádála in earraí ba mhó de chuid Hong Cong** sna chéad 10 mí in 2022, i ndiaidh mhórthír na Síne agus na Téaváine[71]. B'ardán mór é Hong Cong fós maidir le trádáil idir mórthír na Síne agus an tAontas.

**Tháinig méadú 25.1 % bliain ar bhliain ar thrádáil dhéthaobhach an Aontais i seirbhísí le Hong Cong in 2021** chun EUR 34.1 billiún a bhaint amach[72]. B'ionann allmhairí an Aontais ó Hong Cong agus EUR 12.3 billiún, agus b'ionann onnmhairí an Aontais go Hong Cong agus EUR 21.8 billiún (sonraí sealadacha). Tháinig barrachas trádála EUR 9.5 billiún le haghaidh an Aontais as sin. Léirítear le réamhshonraí don chéad leath de 2022 forbairt láidir ar thrádáil dhéthaobhach i seirbhísí le Hong Cong (+21.4 % bliain ar bhliain go EUR 19.3 billiún) agus barrachas trádála EUR 4.7 billiún don Aontas[73].

Bhí na **infheistíocht** dhá threo fós suntasach: de réir na sonraí is déanaí, b'ionann stoic infheistíochta ó Hong Cong isteach san Aontas agus EUR 162

[69] *Report on 2022 Annual Survey of Companies in Hong Kong with Parent Companies Located outside Hong Kong* [Tuarascáil maidir le Suirbhé Bliantúil na gCuideachtaí i Hong Cong a bhfuil Máthairchuideachtaí acu atá Suite lasmuigh de Hong Cong 2021],Roinn Daonáirimh agus Staidrimh Shainréigiún Riaracháin Hong Cong, le fáil ag: .https://www.censtatd.gov.hk/en/EIndexbySubject.html?pcode=B1110004&scode=360.

[70] Eurostat: Trádáil earraí an Aontais Eorpaigh, http://epp.eurostat.ec.europa.eu/newxtweb/mainxtnet.do.

[71] Statistical report on Hong Kong External Merchandise Trade [Tuarascáil Staidrimh maidir le Trádáil Sheachtrach Tráchtearraí Hong Cong] (Deireadh Fómhair 2022), an 6 Nollaig 2022, le fáil ag: https://www.censtatd.gov.hk/en/EIndexbySubject.html?pcode=B1020005&scode=230.

[72] Eurostat: European Union trade in services - annual data (provisional) [Trádáil seirbhísí an Aontais Eorpaigh - sonraí bliantúla (sealadach)], https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/bop_its6_det/default/table?lang=en.

[73] Eurostat: European Union and euro area balance of payments – quarterly data [Comhordú Íocaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus an limistéir euro – sonraí ráithiúla], https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/BOP_EU6_Q__custom_457552/default/table.

billiún agus b'ionann infheistíocht ón Aontas isteach i Hong Cong agus EUR 128 billiún[74].

Réitigh an Coimisiún Eorpach agus údaráis Hong Cong roinnt saincheisteanna a bhaineann le **trádáil táirgí bia**. Cuireadh an t-aistriú chuig ardán nua (TRACES NT) le haghaidh onnmhairiú táirgí ainmhithe ó Aontas chun feidhme.

Cuireadh bac le srianta COVID-19 ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin atá beartaithe faoin gComhaontú um Chomhar Custaim agus um Chúnamh Riaracháin Frithpháirteach idir an tAontas agus Hong Cong agus an plean gníomhaíochta maidir le forfheidhmiú custaim ar **chearta maoine intleachtúla** (CMI). Ba é Hong Cong an dara háit tionscnaimh ba mhó fós de réir luach na n- earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla a allmhairítear isteach san Aontas, fiú murar táirgeadh na hearraí sin sa chathair. Níor tionóladh cruinnithe i Hong Cong le ceannaireacht na Roinne Custaim agus Máil in 2022.

Maidir le **cánachas**, rinne an Grúpa Cóid Iompair teagmháil le dlínsí a sainaithníodh mar a bheith ábhartha i ndáil lena ndíolúintí ó ioncam a fhaightear ó fhoinsí eachtracha (FSIE), lena n-áirítear Hong Cong. Mar thoradh ar an idirphlé agus ar an bhfaisnéis a soláthraíodh, gheall Hong Conggo ndéanfadh sé athchóiriú ar a chóras FSIE faoi dheireadh 2022 toisc go bhfuarthas go raibh sé neamhchomhlíontach. Glacadh le bille an 14 Nollaig 2022 chun cáin Hong Cong a athchóiriú maidir leis an gcóras FSIE[75]. Tá obair ar chur chun feidhme na treorach fós ar siúl.

Tionóladh an séú **himeacht bliantúil ar fhrithgháinneáil TAIEX** an 26 - 27 Eanáir 2022. Bhain dhá sheisiún leathlae ar líne leis an gceardlann, inar clúdaíodh treochtaí idirnáisiúnta faoi COVID-19, dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine a raibh pósadh éigeantach mionlach eitneach i gceist léi, frithsciúradh airgid, imscrúduithe airgeadais ar gháinneáil ar dhaoine agus cuidiú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine. Ba é seo an dara huair a reáchtáladh an t-imeacht ar líne. D'fhreastail go leor daoine air ó thaobh Hong Cong, agus thart ar 70 rannpháirtí ó roinnt ranna rialtais ann. Labhair seacht shaineolaí ón Aontas Eorpach sa cheardlann.

**Seoladh Saoráid Tacaíochta Rannpháirtíochta AE-Hong Cong** chun oibriú le Hong Cong. Eagraíodh imeachtaí poiblí maidir le hathchóiriú cánach (FSIE) agus inbhuanaitheacht.

---

74 Eurostat : European Union foreign investment statistics [Staidreamh infheistíochta eachtraí an Aontais Eorpaigh], https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/bop_fdi6_geo/default/table?lang=en.
75 https://www.info.gov.hk/gia/general/202212/14/P2022121400286.htm.

Mar gheall ar shrianta COVID-19, ní fhéadfaí **gníomhaíochtaí taidhleoireachta poiblí**, amhail an Lá na hEorpa, a eagrú sa chéad leath den bhliain. I ndiaidh srianta a mhaolú, cuireadh tús arís le gníomhaíochtaí pearsanta de réir a chéile.

D’eagraigh Oifig an Aontais Eorpaigh **Féile Scannán an Aontais Eorpaigh 2022**, inar taispeánadh scannán ón Úcráin. I measc na n-imeachtaí eile bhí glanadh tránna, an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Homafóibe, na Défhóibe agus na Trasfóibe, féile scannán faisnéise, Speak Datingl (imeacht inar cuireadh teangacha an Aontais chun cinn), an Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú an Fhoréigin in aghaidh na mBan, agus Lá Domhanda SEIF. Níor thionóil Oifig an Aontais Eorpaigh aon imeachtaí poiblí maidir le saoirsí bunúsacha agus cearta an duine mar gheall ar an timpeallacht a bhí cruthaithe leis an Dlí Slándála Náisiúnta.

I gConclúidí ón gComhairle i mí Iúil 2020 maidir le Hong Cong tugadh sainordú do **bhreathnóireacht leanúnach ar thrialacha** gníomhaithe ar son an daonlathais. Rinne Oifig an Aontais agus Ballstáit an Aontais i Hong Cong 71 bhreathnóireacht trialach in 2022.